Tipperary ETB
Bord Oideachais & Oiliúna Thiobraid Árann
Tipperary Education & Training Board

Foireann Oibre na hÓige
Youth Work Team

# Tuarascáil taighde ar Scéim Deontais Club Óige Áitiúil BOO Thiobraid Árann

# 2018-2023





# Brollach

Tríd an taighde seo scrúdaigh Foireann Obair don Aos Óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann na treochtaí atá ag teacht chun cinn i gclubanna agus i ngrúpaí uilíocha obair don aos óg atá á stiúradh ag oibrithe deonacha. Is príomhshruth maoinithe do go leor clubanna óige agus grúpaí aonfhoirmeacha áitiúla é an Scéim Deontais Chlub Óige Áitiúil. Tarraingítear aird sa taighde seo ar threochtaí agus ar phatrúin a tháinig chun cinn i rith thréimhse mhaoinithe 2018 – 2023. Tá na dúshláin atá le sárú i ndáil le hobair don aos óg atá á stiúradh ag oibrithe deonacha soiléir mar thoradh ar an laghdú ar líon na n-oibrithe deonacha ó cuireadh tús le paindéim Covid 19. Tá go leor pointí dearfacha le tabhairt faoi deara nuair a thugaimid léargas ar an obair fhairsing atá á déanamh ag clubanna obair don aos óg, agus ag grúpaí aonfhoirmeacha atá á mbainistiú ag ceannairí oibrithe deonacha, le tacaíocht ó oifigigh forbartha club ó cheann ceann an chontae.

Is é an rud a bhfuil aird tarraingthe air ná an raon ollmhór de sholáthar obair don aos óg atá á chur ar fáil ag oibrithe deonacha a bhfuil tacaíocht á fáil acu ó eagraíochtaí náisiúnta obair don aos óg, cosúil le: Cumann Gasóg na hÉireann, Banóglaigh na hÉireann, Ord Mhálta, Girls Friendly Society, Foróige agus na clubanna óige a dtacaíonn eagraíochtaí obair don aos óg áitiúla leo; Obair d'Ógra Éireann Thiobraid Árann; Seirbhís Pobail don Aos Óg Phort Láirge & Thiobraid Árann Theas.

Maidir le go leor daoine óga, go háirithe iad siúd atá ina gcónaí i gcodanna tuaithe iargúlta den chontae, uaireanta is é a gclub áitiúil an t-aon deis a bhíonn acu, taobh amuigh den scoil, am a chaitheamh i dteannta lena gcairde i dtimpeallacht shábháilte agus thacúil. Tacaíonn clubanna don aos óg agus grúpaí aonfhoirmeacha le daoine óga chun scileanna saoil a fhorbairt, féinmheas a fhorbairt, féinmhuinín a fhorbairt mar aon le teacht aniar. Tá an Fhoireann Obair don Aos Óg, BOO Thiobraid Árann ag leanúint ar aghaidh lena iarrachtaí tacú le hobair don aos óg lena náirítear obair don aos óg atá á stiúradh ag oibrithe deonacha. Leanfaidh siad ar aghaidh ag obair ar son clubanna don aos óg agus grúpaí aonfhoirmeacha atá á stiúradh ag oibrithe deonacha d'fhonn a chinntiú go bhfuil rochtain acu ar na hacmhainní airgeadais agus daonna riachtanacha chun tacú le freagairtí obair don aos óg, do dhaoine óga ar fud Thiobraid Árann.

Bernadette Cullen,

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin


## Admhálacha

Is mian leis an bhFoireann Obair don Aos Óg buíochas a ghabháil le Mairead Mahon, an Taighdeoir atá i mbun an taighde agus dréachtú na tuarascála seo.

Thacaigh an Fhoireann Obair don Aos Óg, BOO Thiobraid Árann, le Mairead leis an bpróiseas: Lorraine Duane, Oifigeach Forbartha don Óige agus Oifigeach don Óige, Lisa McGrath


We completed the
EASTER
SCAVENGER HUNT
Tipperary
Tipperary

# Clár Na nÁbhar


Brollach 3

1.Réamhrá leis an tuarascáil agus cúlra an taighde 7

2. Forléargas ar scéim Deontais Club Óige Áitúil na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Mánpháirtíochta agus Óige 9

3.Comhthéacs obair don óige Chontae Thiobraid Árann 13

4. Forléargas ar leithdháiltí SDCÓÁ BOO Thiobraid Árann 2018-2023 17

5. Daonáireamh 2022 - Contae Thiobraid Árann 27

6. Sonraí comhthéacsúla Daonáirimh agus Pobal do Chontae Thiobraid Árann-2023 37

7. Próifíl na gceantar faighteora SDCÓÁ laistigh de Chontae Thiobraid Árann 41

8. Anailís deiridh 53

Tagairtí 55

Aguisín a haon 56


MINECRAFT
PUMA
SPIDER-MAN
Kellogg's
Party Carts
Team Viewer

# 01 Réamhrá leis an tuarascáil agus cúlra an taighde

## 1. Réamhrá leis an tuarascáil agus cúlra an taighde

Sa tuarascáil taighde seo soláthraítear anailís ar an Scéim Deontais Club Óige Áitiúil (SDCÓÁ) arna riar ag Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann (BOO Thiobraid Árann) idir 2018 agus 2023. Foireann Obair don Aos Óg BOO Thiobraid Árann a choimisiúnaigh agus a mhaoinigh an tuarascáil i mí na Samhna 2023. Is iad cuspóirí sonracha an taighde ná anailís a dhéanamh ar na sonraí ón scéim don tréimhse idir 2018-2023 agus:

1. Léargas a thabhairt ar aon treocht athraitheach agus/nó patrúin a shainaithint.
2. Teacht ar chonclúidí agus anailís a dhéanamh ó na sonraí a cuireadh ar fáil.
3. Amharcíomhánna a chruthú chun léargas a thabhairt ar na sonraí a bailíodh lena náirítear, ach níl teoranta dóibh, grafaicí eolais, graif agus cairteacha.
4. Rochtain ar shonraí POS chun treochtaí rannpháirtíochta daoine óga i gclubanna óige áitiúla i dTiobraid Árann a mhapáil i rith thréimhse an taighde

Lena chois sin, rinneadh taighde deisce freisin i ndáil le Scéim Deontais Club Óige Áitiúil BOO Thiobraid Árann. Tá aschur an phróisis seo bunaithe ar an anailís a rinne an taighdeoir ar na sonraí agus cuireadh an obair i gcrích i gcomhpháirt le Foireann Obair don Aos Óg BOO Thiobraid Árann.



02

## 2. Forléargas ar Scéim Deontais Club Óige Áitiúil na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Tacaíonn an Scéim Deontais Club Óige Áitiúil (SDCÓÁ nó 'an Scéim') le gníomhaíochtaí club/grúpa don aos óg atá á stiúradh ag oibrithe deonacha ag leibhéal áitiúil. Tá an Scéim, a sholáthraíonn cúnamh deontais i ndáil leis na costais a bhaineann le clubanna/grúpaí a rith, á páirtmhaoiniú ag fáltais ón gCrannchur Náisiúnta. Tá maoiniú don Scéim seo á sholáthar ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) agus á riar go háitiúil ag Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) mar chomhdheontóir agus thar ceann RLCMLÓ. Fógraíonn BOOnna an Scéim go háitiúil ar bhonn bliantúil, agus déantar cur síos ar chuspóir an deontais agus ar na critéir incháilitheachta.

### Cuspóirí na scéime

Tacaíonn an Scéim le gníomhaíochtaí club/grúpa óige deonach do dhaoine óga; tugtar tús áite do chlubanna/do ghrúpaí atá ag freastal ar dhaoine óga atá idir 10 - 21 bliain d'aois. Is é príomhaidhm na Scéime ná cabhrú le clubanna/grúpaí óige áitiúla atá á stiúradh ag oibrithe deonacha a sholáthraíonn clár de ghníomhaíochtaí obair don aos óg le daoine óga. Lena chois sin, tá clubanna/grúpaí eile a oibríonn le daoine óga, ach nach bhfuil ag soláthar obair don aos óg go sonrach, i dteideal iarratas ar mhaoiniú a dhéanamh faoin Scéim.

### Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige atá á Stiúradh ag Oibrithe Deonacha

In 2017, d'ionchorpraigh RLCMLÓ na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpa Óige á Stiúradh ag Oibrithe Deonacha (CCNGÓSOD) sa Scéim Deontais Club Óige Áitiúil (SDCÓÁ). Forbraíodh na caighdeáin cháilíochta náisiúnta seo chun tacú le agus chun obair dheonach le daoine óga a fheabhsú. Seo a leanas na trí Chaighdeán Cáilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige atá á Stiúradh ag Oibrithe Deonacha:

1. Caighdeán 1: Sábháilteacht agus folláine – Cinntíonn cláir, cleachtais agus daoine sábháilteacht, tacaíocht agus folláine daoine óga agus tacaíonn siad lena leithéid.

2. Caighdeán 2: Duine óg láraithe – Cinntíonn cláir, cleachtais agus daoine rannpháirtíocht dheonach, ionchuimsiú agus guth daoine óga agus tacaíonn siad lena leithéid.

3. Caighdeán 3: Forbarthach agus oideachasúil – Cinntíonn cláir, cleachtais agus daoine forbairt, gnóthachtáil agus dul chun cinn daoine óga agus tacaíonn siad lena leithéid.

Is ceanglas den scéim é go dtuairiscíonn an club/an grúpa ar gach gné den trí Chaighdeán. I rith bhliain an chlub/an ghrúpa, déanann oibrithe deonacha obair ar ghníomhartha a bhaineann leis na Caighdeáin a fheabhsóidh rith an chlub/an ghrúpa agus eispéireas na ndaoine óga atá ag freastal ar an gclub/ar an ngrúpa. Sa chás go dteastaíonn tacaíocht ó chlub/ó ghrúpa chun dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis na Caighdeáin, is féidir leis é seo a iarraidh ón Eagraíocht Óige Náisiúnta a bhfuil sé cleamhnaithe léi. Is féidir le club/grúpa óige nach bhfuil cleamhnaithe le hEagraíocht Óige Náisiúnta tacaíocht a iarraidh óna BOO áitiúil.

## Incháilitheacht don scéim:

Chun a bheith incháilithe chun maoiniú a fháil ón Scéim Deontais Club Óige Áitiúil, ní mór don chlub/grúpa na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

Ní mór go mbeadh an club/an grúpa á stiúradh ag oibrithe deonacha, agus ní mór go mbeadh sé bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach daoine óga.

Ní mór go mbeadh 75% de bhaill an chlub/an ghrúpa idir 10 mbliana d'aois agus 21 bliain d'aois.

Ní mór go mbeadh an club/an grúpa in ann cur síos soiléir a dhéanamh ar bhuntáistí ballraíochta sa chlub/sa ghrúpa do dhaoine óga a ghlacann páirt ina gcláir.

Ní mór don chlub/don ghrúpa cloí leis na ceanglais atá leagtha amach i Rannóg 2 den Fhoirm Iarratais.

Ní mór go mbeadh na ceanglais ar fad atá leagtha amach in Acht um Thús Áite do Leanaí (2015) á gcomhlíonadh ag an gclub/ag an ngrúpa.

Ní mór go mbeadh grinnscrúdú an Gharda Síochána déanta ag gach oibrí deonach aosaigh atá ag obair le daoine óga sular gcuireann siad tús le hobair dheonach.

Ní mór go mbeadh cumhdach árachais oiriúnach eagraithe freisin.

Ní mór go mbeadh rochtain ag oibrithe deonacha ar fhearas garchabhrach agus ní mór go mbeidís in ann é a úsáid i gceart.

Ní mór go mbeadh Ráiteas, Beartas nó Nósanna Imeachta Sláinte agus Sábháilteachta ag an gclub/ag an ngrúpa. (Tabhair faoi deara: baineann sé seo le clubanna/le grúpaí a bhfuil áitreabh faoina n-úinéireacht. Ní mór do chlubanna/do ghrúpaí nach bhfuil áitreabh faoina n-úinéireacht a dheimhniú go bhfuil Beartas Sláinte agus Sábháilteachta an fhoirgnimh feicthe acu agus go bhfuil sé á chur i bhfeidhm.)

Ní mór faisnéis maidir le gach gné den trí Chaighdeán CCNGÓSOD a chur san áireamh sa fhreagra a chuireann tú ar fáil ar d'Fhoirm Iarratais.

Ní mór do chlubanna a raibh maoiniú ón Scéim Deontais Club Óige Áitiúil á fháil acu sa bhliain airgeadais roimhe sin an Fhoirm Tuairisce Club ar leathanach 12 den fhoirm iarratais a líonadh agus í a sheoladh ar ais i dteannta lena n-iarratas.

Tá an deontas uasta is féidir a bhronnadh ar aon chlub/ar aon ghrúpa cothrom le €6,000, nó de réir theorainneacha BOO áitiúil. Níl clubanna/grúpaí arb é a bpríomhaidhm díriú ar spórt incháilithe chun maoiniú a fháil faoi théarmaí na scéime seo. Lena chois sin, níl tionscadail atá á stiúradh ag baill foirne (i.e. iad siúd a bhfuil maoiniú á fháil acu faoi Scéimeanna maoinithe óige spriocdhírithe RLCMLÓ e.g. UBU Do Áit Do Spás) i dteideal iarratas a dhéanamh faoin SDCÓÁ. Ní mór faisnéis oibríochtúil a chur ar fáil leis an iarratas, lena n-áirítear an lá/na laethanta a mbíonn an club oscailte; am/amanna ar an lá sin; gníomhaíochtaí; cé mhéad duine óg a bhíonn ag freastail ar an meán; cé mhéad oibrí deonach ar an meán a bhíonn ag freastail, agus cén suíomh ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht.

Déanfaidh an BOO na hiarratais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a mheas, agus cuirfear san áireamh riachtanais áitiúla, imthosca agus bearnaí, más ann dóibh, i soláthar seirbhíse laistigh de cheantar BOO. Ina dhiaidh sin, leithdháilfidh an BOO an cúnamh deontais.





03

## 3. Comhthéacs obair don óige Chontae Thiobraid Árann

Tá an obair don aos óg i gContae Thiobraid Árann á soláthar den chuid is mó ag ceithre sheirbhís óige atá á stiúradh ag baill foirne:

- Foróige
- Obair d'Ógra Éireann Thiobraid Árann
- Seirbhísí Óige Pobail Phort Láirge - Thiobraid Árann Theas
- Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Thuaidh

Tá raon leathan clubanna óige agus grúpaí éide atá á stiúradh ag oibrithe deonacha atá cleamhnaithe le heagraíochtaí óige náisiúnta. Tá an liosta iomlán le fáil in aguisín a haon. Tá an soláthar oibre don aos óg sa chontae ag teacht leis an deighilt thuaithe-uirbeach atá le tabhairt faoi deara sa chuid is mó d'Éirinn (CNÓÉ, 2019), agus leis an tuiscint go bhfuil 'infheistíocht in acmhainní ag tarlú den chuid is mó i gceantair uirbeacha, rud a théann chun dochair dóibh siúd atá ina gcónaí faoin tuath in Éirinn' (ibid:24), agus do na daoine óga nach bhfuil scéimeanna spriocdhírithe na hearnála óige ag freastal orthu cosúil le tionscadal UBU, Do Áit, Do Spás, Tionscadail um Cheartas i leith an Aosa Óig agus seirbhísí atá á maoiniú ag Tusla.

Aithníonn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ), áfach, an tábhacht ar leith a bhaineann le heagraíochtaí deonacha obair don aos óg, obair don aos óg uilíoch agus cearta gach duine óig páirt a ghlacadh in obair don aos óg/i ngníomhaíochtaí don aos óg, dá bhrí sin, i mBuiséad 2023, d'imfhálaigh an Rialtas reatha €2.5 milliún breise do sholáthar oibre don aos óg uilíoch ar fud an stáit. Ainneoin nach bhfuil go leor sonraí faoin leithdháileadh curtha ar fáil, laistigh den chomhthéacs seo, ní hamháin go mb'fhéidir go mbeidh an Scéim Deontais Club Óige Áitiúil (SDCÓÁ) in ann feidhmiú mar cholún lárnach chun forbairt a dhéanamh ar sholáthar na hoibre don aos óg in Éirinn faoi láthair ach chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé seachadadh raon clár uilíoch obair don aos óg a fheabhsú.

Rachaidh an bhéim mhéadaithe seo ar sholáthar uilíoch chun tairbhe pobal tuaithe agus grúpaí don aos óg atá á stiúradh ag oibrithe deonacha, de bhrí gur sainaithníodh i dtaighde CNÓÉ (2019) bacainní agus dúshláin struchtúrtha shonracha a bhaineann le hobair don aos óg thuaithe a sholáthar, lena n-áirítear:

1. Easpa maoinithe sásúil chun seirbhísí obair don aos óg a chur ar fáil i gceantair thuaithe.
2. Maoiniú easpach chun tacú le cleachtas oibre don aos óg i bpobail thuaithe ina bhfuil riachtanais shonracha ag daoine óga.
3. Easpa rochtana ar raon leathan seirbhísí tacaíochta speisialaithe don aos óg cosúil le seirbhísí meabhairshláinte agus comhairleoireachta i gceantair thuaithe.
4. Ganntanas córais iompair phoiblí inrochtana, inacmhainne do phobail tuaithe.
5. Deacracht le hoibrithe deonacha a earcú agus a choimeád.
6. An dúshlán atá cruthaithe d'earnáil oibre don aos óg atá níos rialaithe d'am oibrithe deonacha agus do leibhéil choinneála oibrithe deonacha.
7. Ganntanas seirbhísí ateangaireachta oiriúnacha chun tacú le pobail nua atá ina gcónaí faoin tuath in Éirinn

agus a bhfuil deacrachtaí acu le Béarla agus a mbíonn na dúshláin chéanna le sárú acu nuair a bhíonn siad ag obair le seirbhísí obair don aos óg.

8. An gá atá le leithdháileadh acmhainní breise chun tacú le pobail nua atá ag dul i dtaithí ar an saol i gceantar tuaithe na hÉireann.

Easpa leathanbhanda a chuireann cosc ar rochtain daoine óga ar an idirlíon agus ar a gcumas rochtain a fháil ar ardáin meán sóisialta agus dhigiteacha, rochtain a fháil ar fhaisnéis ar líne agus cumarsáid a dhéanamh le cairde agus le seirbhísí obair don aos óg ar líne.

Lena chois sin, tarraingíodh aird i dtorthaí ó chomhairliúcháin an Phlean Gníomhaíochta do Sheirbhísí Óige le daoine óga, oibrithe don aos óg agus oibrithe deonacha don aos óg (Mahon/CNÓÉ, 2023) ar an bpointe seo a leanas, 'ainneoin díograis, tiomantas agus cumas gairmiúil oibrithe deonacha paiseanta', agus 'tairiscint uathúil na hoibre deonaí leis an aos óg agus an tionchar claochlaitheach atá aige seo ar fad ar dhaoine óga'; ní mór déileáil leis na saincheisteanna seo a leanas a bhaineann le hobair don aos óg, atá á stiúradh ag oibrithe deonacha agus obair don aos óg faoin tuath:

1. Ba cheart go mbeadh seirbhísí don aos óg ar fáil do gach duine óg sa Stát.

2. Chun cabhrú le dul i ngleic le leithlisiú tuaithe daoine óga, tá gá le hinfheistíocht i soláthar seirbhísí don aos óg faoin tuath agus bonneagar pobail ghaolmhar (saoráidí don aos óg, leathanbhanda, iompar etc.).

3. Tá gá le samhail chomhtháite de sheachadadh seirbhísí don aos óg, mar seo a leanas: a ionchorpraíonn idirghabháil uilíoch/luath-idirghabháil na hoibre don aos óg mar aon le cur chuige níos spriocdhírithe le haghaidh cohórt áirithe daoine óga.

4. Tá gá le níos mó infheictheachta, aitheantais agus cur chun cinn na hoibre don aos óg atá á stiúradh ag oibrithe deonacha.

5. Tá oibrithe don aos óg (íoctha & deonach) 'ag déanamh an iomarca' agus 'traochta' mar gheall ar an méid ama atá á chaitheamh acu i mbun a gcuid oibre agus freisin mar gheall ar an leibhéal freagrachta a bhfuiltear ag súil leis ó oibrithe deonacha, go háirithe sealbhóirí oifige, chomh fada is a bhaineann leis an ualach riaracháin agus rialála.

6. Tá seirbhísí don aos óg/grúpaí óige deonacha ag feidhmiú mar 'spásanna coinneála' do dhaoine óga de bhrí nach bhfuil seirbhísí (meabhairshláinte, etc.) nó tacaíochtaí reachtúla níos oiriúnaí ar fáil, agus tá oibrithe deonacha anois 'ag déileáil le saincheisteanna níos casta' ina neagraíochtaí, agus go minic gan aon oiliúint earnálach shonrach nó tacaíochtaí gairmiúla.

7. Tá gá le níos mó cothromais i ndáil le leithdháiltí acmhainne, agus ba cheart deontais cistithe caipitil a chur ar fáil do ghrúpaí aonfhoirmeacha agus do ghrúpaí don aos óg deonacha.

8. Tá gá le níos mó cúrsaí oiliúna agus tacaíochta d'oibrithe deonacha a bhfuil eagraíochtaí deonacha á rith acu, go háirithe de bhrí go bhféadfadh earcú agus coinneáil oibrithe deonacha a bheith casta agus go mb'fhéidir gur 'fachtóir riosca oibríochtúil a bheadh ann ar bhonn oíche go hoíche. Dá réir sin, d'fháilteofaí roimh dhuine tacaíochta tiomanta d'oibrithe deonacha freisin.

9. An leibhéal maoinithe easnamhach chun croíchostais na seirbhísí oibriúcháin agus na ngrúpaí óige deonacha a chlúdach (cíos, forchostais, saoráidí, iompar, fóntais, etc.).

10. I ndiaidh Covid, tá drogall ar dhaoine óga áirithe páirt a ghlacadh an athuair i seirbhísí don aos óg, nó tá dearmad déanta acu ar na seirbhísí seo ar fad, agus ar an gcuma chéanna, níor fhill roinnt oibrithe deonacha a bhí i mbun oibre le fada an lá ar a ngrúpaí áitiúla.

Mura ndéileáiltear leis na saincheisteanna seo cruthóidh siad tacar sonrach bac, ní hamháin i ndáil le cumas daoine óga páirt a ghlacadh i soláthar oibre don aos óg, ach i ndáil lena gcumas nascadh le piaraí agus leis an bpobal mar atá mínithe i dtaighde CNÓÉ ar obair don aos óg faoin tuath.

'thug go leor daoine óga le fios gur saincheist shuntasach í inrochtaineacht ar iompar poiblí ar ardchaighdeán i gceantair thuaithe agus ganntanas leathanbhanda ar ardchaighdeán. Cuireann an ganntanas nascachta i mbaill dhubha cosc ar rochtain ar an idirlíon chun nascadh le cairde nó chun obair bhaile a chríochnú agus ciallaíonn sé go bhfuil siad faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid lena bpiaraí a bhfuil cónaí orthu i lárionaid uirbeacha. Chomh fada is a bhaineann le saincheist an mhuintearais agus braistint láidir mhuintearais laistigh de phobal duine, tháinig an tsaincheist seo chun cinn freisin mar mhórthéama i bhfócasghrúpaí a reáchtáladh le daoine óga ó cheantair thuaithe in Éirinn'. (CNÓÉ, 2019:21).

Ina theannta sin, ionas gur féidir le pobail thuaithe bláthú agus ionas gur áit bhríomhar, mhealltach do dhaoine óga le bheith ina gcónaí ann é ceantar tuaithe na hÉireann, tá ról lárnach ag na grúpaí seo agus ag deiseanna próshóisialta (An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, 2021). Dá bharr sin, tá sé riachtanach oibrithe deonacha reatha a choimeád agus oibrithe deonacha nua a mhealladh chun tacú le hobair don aos óg atá á stiúradh ag oibrithe deonacha. D'fhéadfadh, áfach, go mbeadh gá le tacaíochtaí oibrithe deonacha sonracha chun cabhrú le hoibrithe deonacha atá ag soláthar gníomhaíochtaí agus clubanna óige cheana féin, agus freisin le haghaidh grúpaí nó ceantar ar mian leo grúpa óige a bhunú ina bpobal, go háirithe de bhrí go leagann daoine óga béim go seasta ar rochtain a bheith acu ar níos mó seirbhísí don aos óg/soláthar obair don aos óg laistigh dá bpobail féin (CNÓÉ, 2019 & Mahon/CNÓÉ, 2023).




YOUTH
-we are the future-
1
2
3
nice
go!!
Let's
Enjoy!!

04

# 4. Forléargas ar leithdháiltí SDCÓÁ BOO Thiobraid Árann 2018-2023.

Fuair 36 baile agus sráidbhaile ar fad leithdháiltí SDCÓÁ idir 2018 agus 2023. Ní hionann sin agus a rá nach bhfuil soláthar oibre don aosn óg nó gníomhaíochtaí don aos óg ag tarlú i réigiúin eile laistigh de Thiobraid Árann, seachas sin, táthar ag rá go bhfuil an phróifíl teoranta díreach do ghrúpa a fuair Scéim Deontais Club Óige Áitiúil BOO Thiobraid Árann idir 2018 – 2023. Tá forléargas ar an 36 réigiún sin le fáil i dTábla 1.


| LYCGS Regions | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Ard Fhíonáin | An Cheapach | Cloch Shiurdáin | An Inse | An tAonach | Sceichín an Rince |
| Béal Átha Póirín | Carraig na Siúire | Cuilleann | Cill Náile | An Caisleán Nua | Teampall Doire |
| Buiríos Uí Chéin | Baile Uí Chléireacháin | An Drom | Cill Osta | An Port Nua | Teampall Tuaithe |
| Buiríos Ó Luigheach | Cluain Meala | An Drom Bán | Cill Síoláin | An Port Rua | Durlas |
| An Chathair | Cluain Mhór | Fiodh Ard | Laitean | Ros Cré | Baile Thiobraid Árann |
| Caiseal | Cluain Abhla | Mainistir na Croiche | An Mhaighean | An Ros Mór | An Teampall Uachtarach |

Tábla 1: Réigiúin faighteora SDCÓÁ BOO Thiobraid Árann 2018-2023

Is féidir eisíocaíocht gheografach an 36 réigiún sin a fheiceáil ar na mapaí thíos:




Fíor 1: Eisíocaíocht gheografach fhaighteoirí SDCÓÁ 2018




Fíor 2: Eisíocaíocht gheografach fhaighteoirí SDCÓÁ 2021




**Fíor 3: Eisíocaíocht gheografach fhaighteoirí SDCÓÁ 2023.**

Dáileadh geografach agus airgeadais SDCÓÁ ar fud Chontae Thiobraid Árann (2018 - 2023)

As an 36 réigiún, ba iad seo a leanas na trí cheantar a fuair an méid is mó leithdháiltí - Durlas (21 faighteoir), an tAonach (21 faighteoir) agus Ros Cré (19 bhfaighteoir), atá cothrom le 29.5% de na leithdháiltí ar fad idir 2018 agus 2023. Ó 2019, áfach, tá leithdháiltí an Aonaigh ag teacht go ginearálta le leithdháiltí réigiún nó bailte níos mó eile. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, go mb'fhéidir nach ionann é seo agus léargas iomlán ar sholáthar na hearnála deonaí don aos óg laistigh de Thiobraid Árann, ach gurb ionann é agus léargas ar na faighteoirí SDCÓÁ laistigh de gach bliain ó 2018 agus 2023. Tá eolas le fáil i dTábla 2 faoin dáileadh sa 36 réigiún.


| Réigiún | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | Iomláin na gCeantar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1.Ard Fhíonáin | 1 | 1 | 1 | 1 | | | 4 |
| 2.Béal Átha Póirín* | | 1 | | | | | 1 |
| 3.Buiríos Uí Chéin | | | 1 | 1 | 1 | 1 | 4 |
| 4.Buiríos Ó Luigheach | | | | 1 | 1 | | 2 |
| 5.An Chathair | 1 | 1 | 1 | 1 | 2 | 2 | 8 |
| 6.Caiseal | 3 | 1 | 1 | 1 | 1 | | 7 |
| 7.An Cheapach | | | | 1 | 1 | 1 | 3 |
| 8.Carraig na Siúire | 3 | 2 | 2 | 1 | 2 | 1 | 11 |
| 9.Baile Uí Chléireacháin | 1 | | | | | | 1 |
| 10.Cluain Meala | 3 | 3 | 2 | 2 | 2 | 1 | 13 |
| 11.Cluain Mhór | | 1 | | 1 | 1 | 1 | 4 |
| 12.Cluain Abhla* | | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 5 |
| 13.Cloch Shiurdáin | 3 | 3 | 2 | 2 | 1 | 2 | 13 |
| 14.Cuilleann * | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 6 |
| 15.An Drom * | 1 | 1 | 1 | 1 | | 1 | 5 |
| 16.An Drom Bán* | 1 | | 1 | 1 | 1 | 1 | 5 |
| 17.Fiodh Ard* | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 6 |
| 18. Mainistir na Croiche | 1 | 1 | 1 | | | | 3 |
| 19.An Inse* | 1 | 1 | 1 | | | | 3 |
| 20.Cill Náile | | | | 1 | 1 | 1 | 3 |
| 21.Cill Osta* | | | 1 | | | | 1 |
| 22. Cill Síoláin | 2 | 2 | 2 | 2 | 1 | | 9 |
| 23.Laitean * | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 6 |
| 24.An Mhaighean* | | | 1 | 1 | 1 | 1 | 4 |
| 25.An tAonach | 6 | 4 | 4 | 2 | 2 | 3 | 21 |
| 26.An Caisleán Nua | | | | | | 1 | 1 |
| 27.An Port Nua | 1 | 1 | 2 | 2 | 1 | 2 | 9 |
| 28.An Port Rua | | | 1 | 1 | 1 | 1 | 4 |
| 29.Ros Cré | 4 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 19 |
| 30.An Ros Mór* | | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 5 |
| 31.Sceichín an Rince* | | 1 | | | | | 1 |
| 32.Teampall Doire | 1 | 1 | | 1 | | 1 | 4 |
| 33.Teampall Tuaithe* | | | 1 | 1 | 1 | 1 | 4 |
| 34.Durlas | 4 | 3 | 3 | 4 | 4 | 3 | 21 |
| 35.Baile Thiobraid Árann | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 6 |
| 36.An Teampall Uachtarach* | 1 | | 1 | 1 | 1 | 1 | 5 |
| Líon na SDCÓÁ bronn-ta go bliantúil & méid | 39<br>€51,120 | 34<br>€61,609 | 34<br>€65,330 | 36<br>€69, 903 | 32<br>€77,985 | 32<br>€77,985 | €403,932 |

***Clúdaíodh dhá cheantar i roinnt iarratas, an Drom & an Inse, nó an Teampall Uachtarach & an Drom Bán, srl, mar shampla. Lena chois sin, fuair Laitean agus Cuilleann deontais dá gclubanna óige sóisearacha agus sinsearacha**

**Tábla 2: Dáileadh SDCÓÁ ar fud Chontae Thiobraid Árann.**

## Miondealú ar fhaighteoirí grúpa óige na Scéime Deontais Club Óige Áitiúil don tréimhse idir 2018-2023.

San iomlán, bronnadh 207 deontas club óige áitiúil idir 2018 agus 2023.Leithdháileadh formhór SDCÓÁ (197) ar ghrúpaí aonfhoirmeacha (128) agus clubanna óige atá cleamhnaithe le heagraíochtaí obair don aos óg (69). I measc na bhfaighteoirí grúpa aonfhoirmeacha, tá Ord Mhálta, Banóglaigh Catoilici na hÉireann, Bangóglaigh na hÉireann, Cumann Gasóg na hÉireann agus Briogáid na mBuachaillí. I measc na bhfaighteoirí club óige ata cleamhnaithe le heagraíochtaí obair don aos óg, tá Foróige, Seirbhísí Óige Pobail Phort Láirge & Thiobraid Árann Theas agus Obair don Óige Thiobraid Árann. Bronnadh na leithdháiltí fágtha ar ghrúpaí don aos óg neamhspleácha nó creideamhbhunaithe. Tá miondealú le fáil i bhFíor 2 ar fhaighteoirí SDCÓÁ don tréimhse idir 2018 - 2023.





**Fíor 4: Miondealú ar fhaighteoirí iomlána grúpa óige SDCÓÁ (2018 - 2023) de réir na catagóire.**

**Grúpaí éide / Neamhspleách / Creideamh / Cleamhnaithe le hEagraíocht Obair don Óige**

Líon iomlán na ndaoine óga (idir 10 – 21 bliain d'aois) a bhfuil baint acu le faighteoirí SDCÓÁ ó 2018 - 2023.


Tá sonraí le fáil i bhFíor 5 faoin líon iomlán daoine óga (idir 10 – 21 bliain) a raibh baint acu le grúpaí SDCÓÁ idir 2018 agus 2023. Tá fianaise le fáil sna sonraí ar mheath suntasach ar an líon daoine óga (idir 10 – 21 bliain d'aois) a bhain tairbhe as obair don aos óg i rith na tréimhse sin. Is léir ó shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (POS) gur tháinig méadú 9.7% ar líon na ndaoine idir 10- 24 bliain d'aois i gContae Thiobraid Árann idir daonáireamh 2016 agus daonáireamh 2022; eadhon méadú ó 29,516 in 2016 go dtí 32,370 in 2022. Dá réir sin, idir 2018 agus 2022, bhí líon na ndaoine óga (idir 10 – 21 bliain d'aois) a raibh baint acu le heagraíochtaí faighteora SDCÓÁ cothrom le díreach faoi 5% d'aoischohórt 10 - 24 an chontae, agus díreach os cionn 3% d'aoischohórt 10 - 24 bliain d'aois an chontae idir 2022 agus 2023 (Tá anailís níos mionsonraithe ar dhéimeagrafach aoise Chontae Thiobraid Árann le fáil ar leathanach 17).




**Fíor 5: Líon iomlán na ndaoine óga (idir 10 -21 bliain d'aois) a bhfuil baint acu le faighteoirí SDCÓÁ ó 2018 -2023.**

## Miondealú ar líon iomlán na ndaoine óga (idir 10 -21 bliain d'aois) a bhfuil baint acu le faighteoirí SDCÓÁ ó 2018-2023.

De bhrí go bhfuil SDCÓÁ dírithe go sonrach ar dhaoine idir 10–21 bliain d'aois, tá miondealú le fáil i bhfíor 6 den líon iomlán daoine óga a bhfuil baint acu le faighteoirí SDCÓÁ ó 2018-2023 i dtrí chatagóir aoise ar leith; 10–14 bliana d'aois; 15-17 mbliana d'aois agus 18-21 bliain d'aois.





**Fíor 6: Líon iomlán na ndaoine óga (idir 10-21 bliain d'aois) a bhfuil baint acu le faighteoirí SDCÓÁ de réir an aoisghrúpa ó 2018 -2023.**

Tá na céatadáin slánaithe suas go dtí an pointe deachúlach is cóngaraí.


## Miondealú ar oibrithe deonacha a bhfuil baint acu le faighteoirí SDCÓÁ ó 2018-2023.

Tríd is tríd, bhí baint ag 2,276 oibrí deonach le faighteoirí SDCÓÁ idir 2018-2023, 743 fear agus 1,533 bean. Tá tuilleadh anailíse déanta sna cairteacha seo a leanas ar na figiúirí sin agus tá miondealú ar líon iomlán na n-oibrithe deonacha a raibh baint acu le gach aoisghrúpa de réir na bliana curtha ar fáil; eadhon oibrithe deonacha atá 18-25 bliain d'aois agus oibrithe deonacha atá 26+ bliain d'aois. Tá miondealú le fáil i bhFíor 7 ar líon na n-oibrithe deonacha fireanna le haghaidh na n-aoisghrúpaí sin ó 2018-2023, agus tá miondealú le fáil i bhfíor 8 ar líon na n-oibrithe deonacha baineanna le haghaidh na n-aoisghrúpaí sin ó 2018-2023.





**Fíor 7: Líon na n-oibrithe deonacha a bhfuil baint acu le faighteoirí SDCÓÁ 2018-2023 de réir aoisghrúpa.**

**Líon iomlán na n-oibrithe deonacha fireanna a raibh baint acu le faighteoirí SDCÓÁ de réir an aoisghrúpa (18-25 agus 26+)**





**Fíor 8: Líon na n-oibrithe deonacha fireanna a bhfuil baint acu le faighteoirí SDCÓÁ 2018-2023 de réir aoisghrúpa.**

**Líon na n-oibrithe deonacha baineanna a bhfuil baint acu le faighteoirí SDCÓÁ ó 2018-2023 de réir aoisghrúpa (18-25 agus 26+)**




**Fíor 9: Líon na n-oibrithe deonacha baineanna a bhfuil baint acu le faighteoirí SDCÓÁ 2018-2023 de réir aoisghrúpa.**




05

## 5. Daonáireamh 2022 - Contae Thiobraid Árann


### Tiobraid Árann

Is é Tiobraid Árann, atá suite i dtimpeallacht nádúrtha atá oiriúnach d'fheirmeoireacht thréadach agus curaíocht, an séú contae is mó in Éirinn le mórchríoch de 4,303 ciliméadar cearnach. Tá an patrún lonnaíochta bunaithe ar líonra láidir de bhailte agus de shráidbhailte láidre agus tá ionaid seirbhíse le fáil ag suíomhanna straitéiseacha ar fud an chontae. Soláthraíonn baile Dhurlais agus baile Chaisil i lár an Chontae nasc uirbeach láidir idir na mórionaid - an tAonach agus an baile is mó sa chontae, Cluain Meala. Tá na bailte seo a leanas - Ros Cré, Tiobraid Árann, Carraig na Siúire, an Teampall Mór agus an Chathair - ag feidhmiú mar Bhailte Ceantair dá gcúlchríocha áitiúla agus i dteannta a chéile, soláthraíonn siad bonn maith chun naisc láidre shóisialta, gheilleagracha agus phobail a sholáthar laistigh den chontae. Le cois na mBailte Ceantair, tá roinnt bailte agus sráidbhailte meánmhéide scaipthe go geografach ar fud an Chontae. Tá 119 lonnaíocht mar seo ann agus soláthraíonn siad seirbhísí riachtanacha do na pobail áitiúla agus do na cúlchríocha tuaithe. PLDÓ Thiobraid Árann 2022-2025.pdf (tipperarychildrenandyoungpeoplesservices.ie)

Bunaithe ar na figiúirí ón daonáireamh deiridh (2022), tá daonra iomlán chontae Thiobraid Árann cothrom le 167,895. Tá an miondealú, a bhfuil an dá inscne san áireamh ann, le fáil thíos.



**Tipperary County Council have created a visual overview of the density of the population at Electoral Division (ED) level from the preliminary 2022 census data.**





Fíor 10: Dlús an daonra ag leibhéal Toghroinne (TR) bunaithe ar réamhshonraí dhaonáireamh 2022 ©Comhairle Contae Thiobraid Árann.

Mar chontae, tá Tiobraid Árann rangaithe Beagán faoi Bhun an Mheáin in Innéacs Díothachta Pobal. Is gnách figiúirí meánacha a chur ar fáil do cheantair chomh mór leis seo, rud a cheileann pictiúr níos casta de phobail a bhfuil daoine rachmhasacha agus daoine faoi mhíbhuntáiste araon ina gcónaí iontu.

Roinnt buaicphointí déimeagrafacha ó Dhaonáireamh 2022 do Chontae Thiobraid Árann.

- Sa chontae, tá 11.42%, nach bhfuil ach oideachas bunscoile amháin acu, atá beagán os cionn an fhigiúir náisiúnta de 10.68%.
- Tá oideachas tríú leibhéal ag 33.47%, céatadán atá i bhfad níos ísle (díreach os cionn 8%) ná an meánfhigiúr náisiúnta de 41.85%.
- Tá cóimheas aoise is cleithiúnais níos airde ná an meán i dTiobraid Árann, ráta 37.31% seachas an figiúr náisiúnta de 34.84%.
- Tá céatadán beagán níos ísle de thuismitheoirí aonair i dTiobraid Árann.
- Mhéadaigh líon na lánúineacha comhghnéis chomh maith, i dTiobraid Árann go dtí 144 i gcomparáid le 88 in 2016.
- Tá 10,500 cúramóir neamhíoctha i dTiobraid Árann, agus tá 178 díobh faoi 15 bhliain d'aois, sin méadú 138 i gcomparáid le daonáireamh 2016.
- Tugadh le fios go raibh 1,434 duine de phobal an Lucht Siúil i dTiobraid Árann i nDaonáireamh 2022, i gcomparáid le 1,228 in 2016 (+17%). Go náisiúnta, b'ionann an méadú seo agus +6%.
- Bhí 33,286 leanbh (faoi 15 bliana d'aois) ina gcónaí i dTiobraid Árann in Aibreán 2022.
- Rugadh 60% de ghnáthchónaitheoirí Thiobraid Árann (100,745 duine) sa chontae. Rugadh 25% eile (42,013) in áiteanna eile sa Stát. Rugadh an 15% eile (24,223) lasmuigh den Stát, méadú ó 13% in 2016.
- Tá 25,936 oibrí deonach gníomhach sa chontae.
- Tá 9% de dhaonra an chontae trí chéile, ag déileáil le riocht nó le deacracht sláinte mharthanach.


**Próifíl Shochdhéimeagrafach Chontae Thiobraid Árann i gcomhthéacs náisiúnta**




Fíor 11: Próifíl Shochdhéimeagrafach Chontae Thiobraid Árann i gcomhthéacs náisiúnta

Athruithe ar dhaonra, fostaíocht agus oideachas i gContae Thiobraid Árann ó dhaonáireamh 2016.

Mhéadaigh daonra Thiobraid Árann le cúig bliana anuas, ó 159,553 go dtí 167,895, sin méadú de 8,342 nó 5.2%. Go náisiúnta, mhéadaigh an daonra 8%, rud a chiallaíonn go bhfuil sé seo níos lú ná an meán náisiúnta. Chruthaigh Comhairle Contae Thiobraid Árann léarscáil de Chontae Thiobraid Árann ina léirítear na hathruithe sa daonra ag leibhéal Toghroinne (TR) bunaithe ar réamhshonraí ó dhaonáireamh 2022 (féach thíos). Lena chois sin, sainmhíníonn an POS ceantair uirbeacha mar lonnaíochtaí ina bhfuil daonra de 1500 duine nó níos mó. I dTiobraid Árann, tá 12 lonnaíocht dá leithéid – Cluain Meala, an tAonach, Durlas, Carraig na Siúire, Tiobraid Árann, Ros Cré, Caiseal, an Chathair, Béal an Átha, an Teampall Mór, an Port Nua agus Fiodh Ard. (Comhairle Contae Thiobraid Árann, 2022:6); a bhfuair gach ceann díobh, seachas Béal an Átha agus an Teampall Mór, SDCÓÁ roimhe seo. (Tá forléargas níos mionsonraithe ar na 12 ceantar lonnaíochta seo, ag leibhéal TR, le fáil in Aguisín a dó). D'ainmnigh Comhairle Contae Thiobraid Árann, an Port Nua, Béal an Átha agus Fiodh Ard, mar 'lonnaíochtaí tuaithe' agus tá an chuid eile den 114 lonnaíocht i dTiobraid Árann rangaithe mar 'Cheantair Thuaithe'. Tá sé sin mar bhonn le 'riachtanas uathúil do chreat láidir pleanála baile agus sráidbhaile, le dreasachtaí d'fhás, d'infheistíocht agus do chomhdhlúthú, agus cinnteoidh sé sin go mbeidh na seirbhísí agus na tacaíochtaí a theastaíonn ó cheantair thuaithe chun bláthú acu'. (ibid:6)




Fíor 12: Athruithe ar an daonra ag leibhéal Toghroinne (TR) bunaithe ar réamhshonraí ó dhaonáireamh 2022.©Comhairle Contae Thiobraid Árann

Le cois an athraithe daonra, tugadh méadú ar go leor marcóirí socheacnamaíocha faoi deara; tá an céatadán daoine lnach bhfuil ach oideachas bunscoile amháin acu laghdaithe, gach seans mar gheall ar iarmhairt an daonra níos sine atá caillte, (daoine nach raibh ach oideachas bunscoile acu, sular tugadh isteach an t-oideachas dara leibhéal saor in aisce sa bhliain 1969). Chomh maith leis sin, mhéadaigh an céatadán daoine le hoideachas tríú leibhéal.


Tá na figiúirí dífhostaíochta feabhsaithe, is treocht náisiúnta é seo; bhí an figiúr dífhostaíochta i gcomhair 2016 go dona de bhrí go raibh an Stát i lár meathlaithe.

**Co. Thiobraid Árann**

| | |
|---|---|
| Ainm an Chontae | Co. Thiobraid Árann |
| Innéacs HP Pobal 2016 | -3.39 |
| Cur Síos HP Pobal 2016 | Beagán faoi Bhun an Mheáin |
| Daonra 2016 | 159,553 |
| Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 2016 % | 36.39 |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 2016 % | 21.71 |
| Céatadán ag Oideachas Tríú Leibhéal 2016 % | 26.98 |
| Lion inOideachas Bunscoile Amháin 2016 % | 14.46 |
| Ráta Dífhostaíochta - Fireann | 16.51 |
| Ráta Dífhostaíochta - Baineann | 14.04 |

**Tiobraid Árann**

| | |
|---|---|
| Ainm an Chontae | Tiobraid Árann |
| Innéacs HP Pobal 2022 | -1.92 |
| Cur Síos HP Pobal 2022 | Beagán Faoi Bhun an Mheáin |
| Daonra 2022 | 167.895 |
| % d'Athrú Daonra | 5.23 |
| Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 2022 % | 37.31 |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 2022 % | 19.65 |
| Lion in Oideachas Bunscoile Amháin 2022 % | 11.42 |
| Céatadán ag Oideachas Tríú Leibhéal 2022 % | 33.47 |
| Ráta Dífhostaíochta - Fireann | 7.98 |
| Ráta Dífhostaíochta - Baineann | 7.40 |




Fíor 13: Dáileadh aoise i gContae Thiobraid Árann

Léirítear san fhíor thuas (fíor 13) an dáileadh aoise i gContae Thiobraid Árann. Díol spéise is ea go bhfuil cóimheas aoise is cleithiúnais níos airde ná an meánchóimheas aoise is cleithiúnais, ráta de 37.31% i gcomparáid leis an bhfigiúr náisiúnta atá cothrom le 34.84%.

## Miondealú ar aoischohóirt de réir inscne agus de réir dhaonáireamh 2016 & 2022

Tá forléargas le fáil i dTábla 3 ar an daonra de réir aoise agus inscne ó dhaonáireamh 2016 agus 2022. Díol spéise is ea go raibh 33,286 leanbh (faoi 15 bhliain d'aois) ina gcónaí i dTiobraid Árann i mí Aibreáin 2022. Bhí sé seo 749 níos lú ná mar a bhí ann in 2016.

| Aois | Fir 2022 | Fir 2016 | Mná 2022 | Mná 2016 | An Dá Inscne 2022 | An Dá Inscne 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Aois 0-4 | 5013 | 5592 | 4683 | 5282 | 9696 | 10874 |
| Aois 5-9 | 5639 | 6123 | 5450 | 5828 | 11089 | 11951 |
| Aois 10-14 | 6423 | 5680 | 6078 | 5530 | 12501 | 11210 |
| Aois 15-19 | 5669 | 5457 | 5438 | 5097 | 11107 | 10554 |
| Aois 20-24 | 4526 | 3992 | 4239 | 3760 | 8765 | 7752 |
| Aois 25-29 | 4019 | 3995 | 3876 | 4111 | 7895 | 8106 |
| Aois 30-34 | 4384 | 4933 | 4741 | 5442 | 9125 | 10375 |
| Aois 35-39 | 5272 | 5843 | 5944 | 5966 | 11216 | 11809 |
| Aois 40-44 | 6134 | 5832 | 6417 | 5881 | 12551 | 11713 |
| Aois 45-49 | 6098 | 5658 | 6088 | 5612 | 12186 | 11270 |
| Aois 50-54 | 5713 | 5466 | 5673 | 5319 | 11386 | 10785 |
| Aois 55-59 | 5601 | 5014 | 5456 | 4828 | 11057 | 9842 |
| Aois 60-64 | 4989 | 4571 | 4976 | 4343 | 9965 | 8914 |
| Aois 65-69 | 4606 | 3971 | 4368 | 3938 | 8974 | 7909 |
| Aois 70-74 | 3798 | 3053 | 3838 | 3118 | 7636 | 6171 |
| Aois 75-79 | 2840 | 2084 | 3022 | 2300 | 5862 | 4384 |
| Aois 80-84 | 1647 | 1457 | 1970 | 1808 | 3617 | 3265 |
| Aois 85 agus níos sine | 1268 | 947 | 1999 | 1722 | 3267 | 2669 |
| **Iomlán** | **83639** | **79668** | **84256** | **79885** | **167895** | **159553** |

Tábla 3: Forléargas ar an daonra bunaithe de réir aoise agus inscne, daonáirimh 2022 & 2016

Lena chois sin, de bhrí go bhfuil obair don aos óg dírithe go príomha ar dhaoine atá idir 10- 24 bliain d'aois agus go bhfuil an Scéim Deontais Club Óige Áitiúil dírithe go sonrach ar dhaoine atá idir 10 - 21 bliain d'aois. Léirítear i dTábla 4 líon na ndaoine atá idir 10–24 bliain d'aois i gContae Thiobraid Árann, ó dhaonáireamh 2022 agus 2016, agus léirítear go raibh méadú 9.7% ar an aoischohórt idir an dá dhaonáireamh.

| Age | Fir 2022 | Fir 2016 | Mná 2022 | Mná 2016 | An Dá Inscne 2022 | An Dá Inscne 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Aois 10-14 | 6423 | 5680 | 6078 | 5530 | 12501 | 11210 |
| Aois 15-19 | 5669 | 5457 | 5438 | 5097 | 11107 | 10554 |
| Aois 20-24 | 4526 | 3992 | 4239 | 3760 | 8765 | 7752 |
| **Iomlán** | **83639** | **79668** | **84256** | **79885** | **167895** | **159553** |

Tábla 4: Líon daoine óga (10-24), daonáireamh 2022 & 2016.

## An daonra a bhfuil gnáthchónaí air agus cúlra eitneach nó cultúrtha

Rugadh 60% de ghnáthchónaitheoirí Thiobraid Árann (100,745 duine) sa chontae. Rugadh 25% eile (42,013) in áiteanna eile sa Stát. Rugadh an 15% eile (24,223) lasmuigh den Stát, méadú ó 13% in 2016. Ina theannta sin, mhéadaigh líon na saoránach dé-Éireannach ó 2,329 go 3,904 agus b'ionann saoránaigh neamh-Éireannacha agus 9% de dhaonra an chontae. Saoránaigh Pholannacha ba ea an grúpa ba mhó (3,255 duine), agus ba iad saoránaigh na RA an chéad ghrúpa eile (2,926), agus ansin saoránaigh ón Rómáin (1,187) agus ón Liotuáin (848).

## Grúpa/cúlra eitneach:

Bhí grúpa/cúlra eitneach Éireannach Bán ag níos mó ná 138,715 duine a bhí ina gcónaí i dTiobraid Árann in Aibreán 2022. D'aithin 13,283 duine eile mar Aon Chúlra Bán eile. Thug 2,747 duine le fios gur bhain siad le grúpa/cúlra eitneach Áiseach nó Éireannach Áiseach – Indiach/Pacastánach/Banglaidéiseach agus thug 605 duine le fios gur bhain siad le grúpa/cúlra eitneach Duine de Dhath nó Duine de Dhath-Éireannach – Afracach. Lena chois sin, bhí 1,434 duine de phobal an Lucht Siúil i dTiobraid Árann i nDaonáireamh 2022, i gcomparáid le 1,228 in 2016 (+17%).

Go náisiúnta, b'ionann an méadú seo agus +6%. Déantar cur síos i dTábla 5 ar an bpróifíl iomlán den daonra a bhfuil gnáthchónaí air i gContae Thiobraid Árann bunaithe ar chúlra eitneach nó cultúrtha.

| Eitneacht | 2022 | % | 2016 | % | Leibhéal Náisiúnta 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Éireannach Geal** | 138715 | 82.2% | 138244 | 87% | 77% |
| **Éireannach Geal de Phobal an Lucht Siúil** | 1434 | 0.9% | 1228 | 0.8% | 6% |
| **Geal Eile** | 13283 | 8% | 12721 | 8.1% | 9.9% |
| **Duine de Dhath nó Duine de Dhath-Éireannach** | 605 | 0.4% | 499 | 0.3% | 1.5% |
| **Áiseach nó Áise-ach-Éireannach** | 2747 | 1.7% | 1505 | 1% | 3.3% |
| **Eile** | 2006 | 1.2% | 1396 | 0.9% | 1.3% |
| **Níl sonraithe** | 7848 | 4.7% | 2712 | 1.7% | 6.2% |
| **Iomlán** | **166638** | | **158305** | | |

Tábla 5: Próifíl den daonra a bhfuil gnáthchónaí air i gContae Thiobraid Árann bunaithe ar chúlra eitneach nó cultúrtha.

Ó rinneadh daonáireamh 2016, tugadh laghdú beag faoi deara i gcatagóir na nÉireannach geal i gContae Thiobraid Árann, agus méadú sa chatagóir 'níl sonraithe'. Ag leibhéal náisiúnta, bhí 77% den daonra sainaitheanta mar 'Éireannach Geal', dá réir sin, tá an chuma ar an scéal nach bhfuil Tiobraid Árann chomh héagsúil leis an meán náisiúnta, ag brath ar an gcatagóir 'níl sonraithe'.


## Sláinte agus céatadán an daonra atá ag déileáil le riocht nó deacracht mharthanach shuntasach de réir aoisghrúpa.

I ndaonáireamh 2022, thug 83% de na daoine i dTiobraid Árann le fios go raibh a sláinte go maith nó an-mhaith i gcomparáid le 87% in 2016. Tá an treocht seo ag teacht leis na figiúirí náisiúnta, inar tugadh laghdú 4% faoi deara sna catagóirí 'maith'/'an-mhaith', ó 87% go dtí 83%. Thuairiscigh níos mó ná 38,600 duine (23% de dhaonra an chontae), áfach, go raibh siad ag déileáil le riocht nó deacracht mharthanach amháin ar a laghad, ar bhealach éigin. I measc na ndaoine seo, thuairiscigh 15,087 duine (9% de dhaonra an chontae) go raibh siad ag déileáil le riocht nó deacracht mharthanach amháin ar a laghad, ar bhealach suntasach nó cuid mhór den am. Thuairiscigh 23,552 duine eile (14% de dhaonra an chontae) go raibh siad ag déileáil le riocht nó deacracht mharthanach amháin ar a laghad ar bhealach éigin nó ar bhealach neamhshuntasach. Mar gheall ar athruithe suntasacha ar an gceist a bhain le riochtaí agus deacrachtaí marthanacha, níl torthaí Dhaonáireamh 2022 inchomparáide le sonraí daonáirimh eile don cheist seo. Tá eolas le fáil i dTábla 6 maidir le céatadán na ndaoine idir 10–24 bliain d'aois i gContae Thiobraid Árann atá ag déileáil le riocht nó deacracht mharthanach, ag aon leibhéal, bunaithe ar an aoisghrúpa i ndaonáireamh 2022, toradh a d'fhéadfadh roinnt dúshlán breise a chruthú don chohórt seo chomh fada is a bhain le páirt a ghlacadh i seirbhísí deonacha don aos óg.

| Aoisraon | Ag déileáil le riocht nó deacracht mharthanach |
|---|---|
| 10–14 bliana d'aois | 14.2% |
| 15–19 mbliana d'aois | 16.8% |
| 20–24 bliain d'aois | 17.6% |

Tábla 6: Daoine idir 10 - 24 bliain d'aois atá ag déileáil le riocht nó deacracht mharthanach ag aon leibhéal.


CAPPA
#YouthWorkTipperary



06

## 6. Sonraí comhthéacsúla Daonáirimh agus Pobal do Chontae Thiobraid Árann2023.

Baineann na sonraí ar fad atá curtha i láthair sa tuarascáil seo le sonraí daonáirimh náisiúnta na Príomh-Oifige Staidrimh (POS) (daonáireamh 2016 & 2022) agus/nó Pobal. D'úsáid Pobal sonraí daonáireamh POS chun Innéacs Díothachta Pobal HP (Haase agus Practschke, 2017) a fhorbairt mar mhodh chun rachmas nó míbhuntáiste coibhneasta ceantair gheografaigh ar leith a thomhas. San innéacs seo úsáidtear faisnéis ó dhaonáireamh na hÉireann (ó 2006 ar aghaidh), cosúil le fostaíocht, próifíl aoise agus gnóthachtáil oideachais, chun an scór seo a ríomh. Is é Innéacs Díothachta HP an mhéadracht ghrádáin shóisialta is mó úsáide in Éirinn agus úsáidtear é chun scór a lua le gach ceantar beag (thart ar 100 teaghlach) i ndáil le rachmas nó míbhuntáiste, agus úsáideann gníomhaireachtaí stáit agus ranna rialtais éagsúla é chun acmhainní a spriocdhíriú ar na ceantair faoi mhíbhuntáiste is mó atá ar an ngannchuid. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach meaitseálann Próifílí Ceantar Beag Pobal do bhailte, na sonraí daonáirimh faoi Thoghroinn (TR) i gcónaí, de bhrí go bhfuil ceantair uirbeacha forbartha ó cruthaíodh na TRanna, agus dá bharr sin, go bhfuil roinnt ceantar beag ó bhailte mar shampla lasmuigh de dhobharcheantar an TR.

Ag eascairt as anailís Pobal, luaitear scór le ceantar geografach bunaithe ar mheán náisiúnta de náid agus thart ar -35 (an ceantar faoin míbhuntáiste is mó) go dtí +35 (an ceantar is rachmasaí). Soláthraíonn léarscáileanna Pobal léargas ar an rachmas agus ar an míbhuntáiste coibhneasta seo bunaithe ar na ceantair éagsúla (féach www.pobal.ie). Tá forléargas le fáil i dTábla 7 ar innéacsanna díothachta HP Pobal.

| Scór Innéacs Coibhneasta | Diall Caighdeánach | Lipéad | Scéim Dathanna |
|---|---|---|---|
| os cionn 30 | > 3 | thar a bheith rachmasach | dúghorm |
| 20 go dtí 30 | 2 go dtí 3 | an-rachmasach | gorm meánach |
| 10 go dtí 20 | 1 go dtí 2 | Rachmasach | Bánghorm |
| 0 go dtí 10 | 0 go dtí 1 | beagán os cionn an mheáin | glas éadrom |
| 0 go dtí -10 | 0 go dtí -1 | Beagán faoi Bhun an Mheáin | buí éadrom |
| -10 go dtí -20 | -1 go dtí -2 | Faoi Mhíbhuntáiste | oráiste meánach |
| -20 go dtí -30 | -2 go dtí -3 | An-mhíbhuntáiste | Oráiste |
| faoi -30 | < -3 | faoi mhíbhuntáiste suntasach | Dearg |

Tábla 7: Innéacsanna Díothachta HP Pobal

Tá sonraí bailithe agus curtha ar fáil ag an POS agus ag Pobal ón daonáireamh ag leibhéil dhifriúla de mhéideanna ceantair, lena n-áirítear leibhéal an stáit, leibhéal contae agus toghranna (TRanna) agus ceantair bheaga (CBanna). Seachas na ceantair bheaga, tá na ceantair sonraí comhsheasmhach le himeacht ama, rud a chiallaíonn gur féidir na figiúirí a chur i gcomparáid le blianta roimhe sin.

Ainneoin nach gá go mbeadh na ceantair bheaga comhsheasmhach le himeacht ama agus go bhféadfaidís athrú ó dhaonáireamh go daonáireamh, bíonn comhsheasmhacht mhaith le tabhairt faoi deara go minic. Is foroinn de CBanna iad na ceantair bheaga. Sna ceantair bheaga bíonn éagsúlacht le tabhairt faoi deara sa daonra ó níos lú ná 200 go dtí níos mó ná 1,000 i líon beag cásanna (go hiondúil má tá institiúid mhór cosúil le hospidéal san áit). Sa chás go meastar go bhfuil an ceantar beag róbheag chun figiúirí maidir leis a chur ar fáil, cuirfear é le ceantar beag eile atá nasctha leis. Is ar mhaithe le rúndacht a chinntiú a dhéantar é seo.

Soláthraítear i sonraí an cheantair bhig seo miondealú i bhfad níos mionsonraithe de phobail agus tá siad úsáideach go háirithe nuair a bhíonn scrúdú á dhéanamh ar na leibhéil mhíbhuntáiste agus rachmais i bpobail. Mar a tugadh faoi deara níos túisce, áfach, ní féidir linn na ceantair shonracha a ndéantar anailís orthu a roghnú de bhrí go bhfuil siad réamhshocraithe. In amanna, ní bhíonn siad ag teacht go cruinn leis an bpobal a theastaíonn uainn; mar shampla, tá seans ann go mbeidh sráidbhaile nó baile fearainn iomlán i níos mó ná ceantar beag amháin nó nach gcuimseofar i líon beag ceantar an baile nó go bhféadfadh codanna beaga a bheith san áireamh nach cuid den bhaile/den sráidbhaile iad.

Lena chois sin, athróidh daonraí le himeacht ama. D'fhéadfadh athrú déimeagrafach mar aon le hathruithe ar an gcóiríocht chónaithe i gceantar a bheith mar bhonn le hathruithe suntasacha, go háirithe i gceantair níos uirbí. Beidh foirgnimh chónaithe nua mar bhonn le méadú an daonra, nó beidh daonraí á laghdú mar gheall ar scartáil nó ar mhadhmadh cóiríochta cónaithe, nó trí bhunú nó tiontú socruithe d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta (ICI) agus ní gá go mbeadh léargas cruinn á thabhairt ar lucht iarrtha tearmainn i ndaonáireamh 2022.

Soláthraítear i sonraí na gceantar beag miondealú i bhfad níos mionsonraithe ar na leibhéil mhíbhuntáiste agus rachmais i bpobail. Seans gur ceantair faoi mhíbhuntáiste iad go leor de na ceantair bheaga laistigh de chontae níos mó nó TR. Nuair a dhéantar anailís ar staitisticí agus nuair a chuireann TR nó contae i láthair iad, ar aonad níos mó anailíse a leithéid, ceiltear an míbhuntáiste seo go minic. Dá réir sin, mar aon le figiúirí ó na ceantair níos mó a chur i láthair, chuireamar na figiúirí ó na ceantair níos lú i láthair freisin. Is amhlaidh atá de bhrí gur féidir riachtanais na gceantar beag seo a chailleadh nuair a bhíonn úsáid a baint díreach as an aonad anailíse níos mó.

## Teorainneacha na sonraí.

- Tá an fhaisnéis seo an-mhionsonraithe agus tá eolas le fáil inti faoi dhéimeagrafaic agus is ionann í agus tomhas ar rachmas/ar mhíbhuntáiste bunaithe ar cheantar geografach. Tá an fhaisnéis seo teoranta freisin, áfach, agus ba cheart go mbeimis airdeallach ar na teorainneacha a bhaineann léi.
- Tá na sonraí seo dírithe go heisiach ar 'áit chónaithe' nó 'comharsanacht' mar tháscaire socheacnamaíoch tábhachtach; is ionann é sin agus ceann de go leor táscairí eile nach scrúdaítear anseo.
- Tá daoine nach bhfuil faoi mhíbhuntáiste ina gcónaí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste. Os a choinne sin, tá daoine faoi mhíbhuntáiste ina gcónaí i gceantair atá rachmasach.
- D'fhéadfadh daoine óga atá ag freastal ar chlubanna óige, soláthraithe seirbhíse nó eagraíochtaí speisialtóra áitiúla a bheith ag teacht ó cheantair gheografacha dhifriúla i gcomparáid le seoladh an fhaighteora SDCÓÁ.
- Ní raibh faisnéis mhionsonraithe faoi oibríochtaí gach grúpa óige ar fáil don taighdeoir, dá bhrí sin, ní léir, mar shampla, cé mhéad grúpa óige a d'fhéadfadh a bheith ag soláthar seirbhísí sonracha do chohóirt áirithe daoine óga laistigh den chontae (mar shampla, daoine óga le riachtanais bhreise, cúramóirí óga, daoine óga i gcúram, moil do dhaoine gan dídean, ionaid soláthair dhírigh, etc.).





07

## 7. Próifíl na gceantar faighteora SDCÓÁ laistigh de Chontae Thiobraid Árann.

Ó tharla go gcuireann sonraí agus staitisticí na POS meánfhigiúr ar fáil go minic nuair a dhéantar anailís ar cheantar geografach mór, tá faisnéis maidir leis an 36 baile, sráidbhaile, baile fearann atá liostaithe mar fhaighteoirí Scéim Deontais Club Óige Áitiúil BOO Thiobraid Árann curtha ar fáil againn, go príomha, de bhrí go mbíonn patrúin dhifriúla le tabhairt faoi deara sna ceantair seo chomh fada is a bhaineann le riachtanas socheacnamaíoch. Lena chois sin, trí shonraí na gceantar beag i mbailte agus i sráidbhailte níos lú a chur ar fáil cuirtear léargas soiléir ar fáil do BOO Thiobraid Árann maidir leis an daonra agus maidir le riachtanais i ngach pobal ar mhaithe le pleanáil amach anseo agus leithdháileadh acmhainní.


Tríd is tríd, i gContae Thiobraid Árann, tá na bailte faoi níos mó míbhuntáiste ná na sráidbhailte agus bailte fearainn níos lú; agus tá leibhéil arda de mhíbhuntáiste le tabhairt faoi deara i roinnt bailte, lena n-áirítear Cluain Meala, Carraig na Siúire agus Ros Cré. Ní mór an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara, áfach:

1. Ag amanna sa leibhéal seo anailíse, ní mór an ceantar sonrach a mheas de bhrí go bhfuil sé bunaithe ar úsáid a bhaint as teorainneacha réamhshocraithe ceantar beag.
2. Sula ndéantar athbhreithniú ar na sonraí, tá na bailte sainithe ag na ceantair ina bhfuil an daonra níos dlúithe agus tá níos mó fianaise ann go bhfuil na ceantair seo foirgnithe. D'fhéadfadh sé a bheith níos dearca teorainn dhocht iarbhír bailte agus sráidbhailte in Éirinn a chinneadh nó d'fhéadfaidís athrú le himeacht ama.
3. Sainaithníonn na dathanna ar na léarscáileanna a chuirtear ar fáil an scór díothachta don cheantar sin bunaithe ar cheantar atá liostáilte de réir an mhéid.
4. Cuirtear na próifílí ceantair ar fáil bunaithe ar mhéid an daonra suas go dtí próifíl 9, Fiodh Ard. Ina dhiaidh sin, cuirtear na próifílí ceantair i láthair in ord aibítre idir 230 agus thart ar 12,00.

### 1.1.Cluain Meala

Is baile measctha é Cluain Meala ina bhfuil ceantair atá rachmasach agus faoi an-mhíbhuntáiste.

Tá cónaí ar 2,069 duine sna sé cheantar rachmasacha bheaga agus tá cónaí ar 4,402 duine i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Tá 18 gceantar bheaga faoi mhíbhuntáiste, agus tá ceithre cinn de na ceantair sin faoi an-mhíbhuntáiste; tá 924 duine ina gcónaí iontu.



Ceantar bhaile Chluain Meala


Sa bhaile trí chéile, tá oideachas tríú leibhéal ag 33% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 8 agus 10%, ach i gceantair faoi mhíbhuntáiste, tá oideachas tríú leibhéal ag 17% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 14 agus 19%. Sna ceithre cheantar faoi an-mhíbhuntáiste tá oideachas tríú leibhéal ag níos lú ná 13% agus tá an ráta dífhostaíochta i measc na bhfear cothrom le 18%.

Sna pobail is rachmasaí, tá oideachas tríú leibhéal ag 57% den phobal agus tá an ráta dífhostaíochta i measc na bhfear cothrom le 3%.
Tá na ceantair rachmasacha aibhsithe gorm. Tá na ceantair faoi mhíbhuntáiste aibhsithe oráiste, agus éiríonn an dath oráiste níos dorcha de réir mar a mhéadaíonn an leibhéal míbhuntáiste.

In amanna, ní bhíonn na dathanna ar an léarscáil soiléir mar gheall ar na meicníochtaí a theastaíonn chun an ceantar a shainaithint, ach cuirtear tráchtaireacht ar fáil agus tá sonraí le fáil sa ghrafaic eolais.

Baile Chluain Meala trí chéile

| | |
|---|---|
| Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 12.47% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 33.00% |
| Ráta Difhostaíochta- Mná 8.22% | Ráta Difhostaíochta- Fir 9.83% |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 28.93 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 35.73 |




| Ceantair Bheaga faoi Mhíbhuntáiste, le daonra de 4,402 | Ceantair Bheaga faoi An-mhíbhuntáiste, le daonra de 924. | Tá sé cheantar bheaga ar ceantair rachmasacha iad, le daonra de 2,069 |
|---|---|---|
| Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 21.01% | Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 24.13% | Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 3.11% |
| Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 17.17% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 12.73% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 56.93% |
| Ráta Difhostaíochta- Mná 14.45% | Ráta Difhostaíochta- Mná 18.45% | Ráta Difhostaíochta- Mná 1.94% |
| Ráta Difhostaíochta- Fir 17.80% | Ráta Difhostaíochta- Fir 18.46% | Ráta Difhostaíochta- Fir 2.98% |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 41.20 | Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 40.69 | Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 13.35 |
| Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 38.08 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 41.89 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 32.60 |

Ón léargas a thugtar ar Chluain Meala tugadh fás ar rachmas agus ar mhíbhuntáiste faoi deara i roinnt ceantar idir 2016 agus 2022.

**2016**




**2022**




## 2. An tAonach

Tá daonra de 9,550 i mbaile an Aonaigh.

Is baile measctha é an tAonach ina bhfuil ceantair atá rachmasach agus faoi an-mhíbhuntáiste.

Tá sé cheantar bheaga in an tAonach faoi mhíbhuntáiste, le daonra iomlán de 1,737. Tá dhá cheantar díobh seo faoi an-mhíbhuntáiste ina bhfuil daonra de 395.




Ceantar bhaile an Aonaigh.

Sa bhaile trí chéile, tá oideachas tríú leibhéal ag 34% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 9 agus 11%, ach i gceantair faoi mhíbhuntáiste ní hamhlaidh atá, tá oideachas tríú leibhéal ag 19% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 10 agus 19%. I gceantar faoi an-mhíbhuntáiste, tá oideachas tríú leibhéal ag 13% agus méadaíonn an ráta dífhostaíochta i measc na bhfear go dtí 24%.

Sna pobail is rachmasaí, tá oideachas tríú leibhéal ag 50% den phobal agus tá an ráta dífhostaíochta i measc na bhfear cothrom le 3%.

Tá na ceantair rachmasacha aibhsithe gorm. Tá na ceantair faoi mhíbhuntáiste aibhsithe oráiste, agus éiríonn an dath oráiste níos dorcha de réir mar a mhéadaíonn an leibhéal míbhuntáiste.



| Ceantair Bheaga faoi Mhíbhuntáiste, le daonra de 1,737 | Ceantair Bheaga faoi Anmhíbhuntáiste, le daonra de 395. | Tá dhá cheantar bheaga ar ceantair rachmasacha iad, le daonra de 533 |
|---|---|---|
| Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 20.87% | Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 30.77% | Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 3.17% |
| Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 18.78% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 13.39% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 49.80% |
| Ráta Dífhostaíochta- Mná 9.59% | Ráta Dífhostaíochta- Mná 8.00% | Ráta Dífhostaíochta- Mná 5.08% |
| Ráta Dífhostaíochta- Fir 19.12% | Ráta Dífhostaíochta- Fir 23.67% | Ráta Dífhostaíochta- Fir 3.39% |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 32.64 | Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 36.84 | Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 11.02 |
| Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 39.67 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 38.71 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 32.40 |

Is léir ón léargas a fhaightear ar an Aonach nár athraigh cúrsaí go suntasach idir 2016 agus 2022.

**2016**




**2022**





## 3. Durlas

Tá daonra iomlán de 7,840 le fáil i mbaile Dhurlais.

I mbaile Dhurlais tá meascán le tabhairt faoi deara sa daonra idir daonra faoi mhíbhuntáiste agus daonra atá ag feidhmiú ag meánleibhéal atá buailte ar chúlchríoch níos rachmasaí.

Tá cónaí ar 2,441 duine i gceantair faoi mhíbhuntáiste, agus tá dhá cheantar bheaga i nDurlas faoi an-mhíbhuntáiste, ina bhfuil daonra de 485.

Sa bhaile trí chéile, tá oideachas tríú leibhéal ag 31% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 10 agus 13%, ach i gceantair faoi mhíbhuntáiste ní hamhlaidh atá, tá oideachas tríú leibhéal ag 20% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 13 agus 17%. I gceantar faoi an-mhíbhuntáiste, níl oideachas tríú leibhéal ach ag 15% agus méadaíonn an ráta dífhostaíochta i measc na bhfear go dtí 28%.




Ceantar bhaile Dhurlais.

I bpobal rachmasach ó dheas den bhaile, tá oideachas tríú leibhéal ag 42% den phobal agus tá an ráta dífhostaíochta i measc na bhfear cothrom le 0%.

Tá na ceantair rachmasacha aibhsithe gorm. Tá na ceantair faoi mhíbhuntáiste aibhsithe oráiste, agus éiríonn an dath oráiste níos dorcha de réir mar a mhéadaíonn an leibhéal míbhuntáiste.

## Baile Dhurlais trí chéile

| Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal |
|---|---|
| 12.13% | 30.55% |
| Ráta Dífhostaíochta- Mná | Ráta Dífhostaíochta- Fir |
| 10.32% | 12.75% |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais |
| 30.42 | 37.61 |




| Ceantair Bheaga faoi Mhíbhuntáiste, le daonra de 2,441. | Ceantair Bheaga faoi Anmhíbhuntáiste, le daonra de 485. | Níl aon cheantar rachmasach laistigh den bhaile. Tá ceantar rachmasach ó dheas den bhaile ina bhfuil daonra de 177. Níl an daonra seo curtha san áireamh i ndaonra an bhaile thuas. |
|---|---|---|
| Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin: 20.27% | Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin: 19.10% | Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin: 7.52% |
| Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal: 20.42% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal: 15.49% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal: 42.11% |
| Ráta Dífhostaíochta- Mná: 13.17% | Ráta Dífhostaíochta- Mná: 18.71% | Ráta Dífhostaíochta- Mná: 4.00% |
| Ráta Dífhostaíochta- Fir: 16.94% | Ráta Dífhostaíochta- Fir: 28.37% | Ráta Dífhostaíochta- Fir: 0.00% |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair: 37.56 | Cleithiúnas Tuismitheora Aonair: 50.64 | Cleithiúnas Tuismitheora Aonair: 36.36 |
| Cóimheas Aoise is Cleithiúnais: 40.23 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais: 31.06 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais: 33.90 |

Ón léargas a thugtar ar Dhurlas tugadh fás ar rachmas agus ar mhíbhuntáiste faoi deara i roinnt ceantar idir 2016 agus 2022.


**2016**




**2022**



# 4.Carraig na Siúire




Ceantar bhaile Charraig na Siúire.

Is baile faoi mhíbhuntáiste í Carraig na Siúire, ina bhfuil ceantar beag amháin faoi mhíbhuntáiste suntasach agus seacht gceantar faoi an-mhíbhuntáiste. Ní aon cheantar rachmasach ann.


Sa cheantar beag amháin faoi mhíbhuntáiste suntasach tá 193 duine; tríd is tríd, tá cónaí ar 3,295 duine i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Sa bhaile trí chéile, tá oideachas tríú leibhéal ag 20% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 14 agus 17%, ach i gceantair faoi mhíbhuntáiste, tá oideachas tríú leibhéal ag 17% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 17 agus 22%. I gceantar amháin faoi an-mhíbhuntáiste, tá oideachas tríú leibhéal ag 11% agus méadaíonn an ráta dífhostaíochta i measc na bhfear go dtí 30%.

Tá na ceantair faoi mhíbhuntáiste aibhsithe oráiste, agus éiríonn an dath oráiste níos dorcha de réir mar a mhéadaíonn an leibhéal míbhuntáiste.

## Baile Charraig na Siúire trí chéile

| | |
|---|---|
| Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 16.43% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 20.08% |
| Ráta Dífhostaíochta- Mná 13.89% | Ráta Dífhostaíochta- Fir 16.55% |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 42.69 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 36.70 |





| Ceantair Bheaga faoi Mhíbhuntáiste, le daonra de 3,295. | | Ceantair Bheaga faoi Anmhíbhuntáiste, le daonra de 1,603. | | Tá ceantar beag amháin faoi mhíbhuntáiste suntasach ina bhfuil daonra de 193 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 19.47% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 16.88% | Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 22.36% | Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 13.24% | Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 36.64% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 11.45% |
| Ráta Dífhostaíochta- Mná 16.62% | Ráta Dífhostaíochta- Fir 21.65% | Ráta Dífhostaíochta- Mná 21.42% | Ráta Dífhostaíochta- Fir 26.22% | Ráta Dífhostaíochta- Mná 22.22% | Ráta Dífhostaíochta- Fir 29.55% |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 48.54 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 35.49 | Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 50.77 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 38.01 | Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 46.15 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 43.01 |


Tugtar le fios sa léargas a thugtar ar Charraig na Siúire gur mhéadaigh díothacht idir 2016 agus 2022.

**2016** | **2022**




## 5. Ros Cré




Ceantar bhaile Ros Cré.

Tá daonra iomlán de 5,400 i mbaile Ros Cré.

Tá baile Ros Cré faoi mhíbhuntáiste, níl aon cheantar rachmasach sa bhaile. Tá dhá cheantar bheaga faoi mhíbhuntáiste suntasach agus tá trí cheantar faoi anmhíbhuntáiste.


Tá cónaí ar 2,996 duine i gceantair faoi mhíbhuntáiste, 617 i gceantair faoi an-mhíbhuntáiste agus 508 i gceantair faoi mhíbhuntáiste suntasach.

Sa bhaile trí chéile, tá oideachas tríú leibhéal ag 20% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 13 agus 14%, i gceantair faoi mhíbhuntáiste, tá oideachas tríú leibhéal ag 16% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 16 agus 19%. i gceantair faoi mhíbhuntáiste suntasach, níl oideachas tríú leibhéal ach ag 7% agus méadaíonn an ráta dífhostaíochta i measc na bhfear go dtí 26%.

Tá na ceantair faoi mhíbhuntáiste aibhsithe oráiste, agus éiríonn an dath oráiste níos dorcha de réir mar a mhéadaíonn an leibhéal míbhuntáiste.


### Baile Ros Cré trí chéile

| | |
|---|---|
| Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 16.44% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 20.29% |
| Ráta Dífhostaíochta- Mná 13.39% | Ráta Dífhostaíochta- Fir 13.91% |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 25.39 | ACóimheas Aoise is Cleithiúnais 36.13 |



| Ceantair Bheaga faoi Mhíbhuntáiste, le daonra de 2,996. | Ceantair Bheaga faoi An-mhíbhuntáiste, le daonra de 617. | Tá ceantar beag amháin faoi mhíbhuntáiste suntasach ina bhfuil |
|---|---|---|
| 21.28% \| 15.79% | 19.42% \| 15.25% | 27.13% \| 6.66% |
| Ráta Dífhostaíochta- Mná 16.05% \| Ráta Dífhostaíochta- Fir 18.74% | Ráta Dífhostaíochta- Mná 22.70% \| Ráta Dífhostaíochta- Fir 23.84% | Ráta Dífhostaíochta- Mná 12.11% \| Ráta Dífhostaíochta- Fir 26.12% |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 27.30 \| Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 36.02 | Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 35.39 \| Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 35.39 | Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 19.43 \| Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 39.33 |

Tá an míbhuntáiste i Ros Cré imithe chun donais ó 2016.

| 2016 | 2022 |
|---|---|
|   |   |

# 6.Baile Thiobraid Árann

Tá daonra de 5,387 i mBaile Thiobraid Árann.


Tá baile Thiobraid Árann faoi mhíbhuntáiste agus tá pócaí ann faoi mhíbhuntáiste suntasach agus faoi an-mhíbhuntáiste, agus níl aon cheantar rachmasach ann.

Tá cónaí ar 3,402 duine i gceantair faoi mhíbhuntáiste, 575 i gceantair faoi an-mhíbhuntáiste agus 530 i gceantair faoi mhíbhuntáiste suntasach.

Tá dhá cheantar bheaga faoi mhíbhuntáiste suntasach agus tá trí cheantar faoi an-mhíbhuntáiste.


Sa bhaile trí chéile, tá oideachas tríú leibhéal ag 24% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 14 agus 16%, i gceantair faoi mhíbhuntáiste, tá oideachas tríú leibhéal ag 19% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 17 agus 20%. I gceantair faoi mhíbhuntáiste suntasach, níl oideachas tríú leibhéal ach ag 9% agus méadaíonn an ráta dífhostaíochta i measc na bhfear go dtí 28%.

Tá na ceantair faoi mhíbhuntáiste aibhsithe oráiste, agus éiríonn an dath oráiste níos dorcha de réir mar a mhéadaíonn an leibhéal míbhuntáiste.





Ceantar bhaile Thiobraid Árann

| Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal |
|---|---|
| 14.16% | 24.32% |
| **Ráta Dífhostaíochta- Mná** | **Ráta Dífhostaíochta- Fir** |
| 14.13% | 16.12% |
| **Cleithiúnas Tuismitheora Aonair** | **Cóimheas Aoise is Cleithiúnais** |
| 36.51 | 36.25 |




| Ceantair Bheaga faoi Mhíbhuntáiste, le daonra de 3,402. | | Ceantair Bheaga faoi An-mhíbhuntáiste, le daonra de 575. | | Tá ceantar beag amháin faoi mhíbhuntáiste suntasach ina bhfuil daonra de 530. | |
|---|---|---|---|---|---|
| Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal | Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal | Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal |
| 17.58% | 18.53% | 19.78% | 14.73% | 21.64% | 9.41% |
| Ráta Dífhostaíochta- Mná | Ráta Dífhostaíochta- Fir | Ráta Dífhostaíochta- Mná | Ráta Dífhostaíochta- Fir | Ráta Dífhostaíochta- Mná | Ráta Dífhostaíochta- Fir |
| 16.77% | 19.74% | 19.15% | 23.49% | 30.75% | 27.87% |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair | AgeCóimheas Aoise is Cleithiúnais | Cleithiúnas Tuismitheora Aonair | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais | Cleithiúnas Tuismitheora Aonair | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais |
| 40.51 | 36.80 | 44.97 | 41.07 | 49.40 | 40.16 |

Tá an leibhéal míbhuntáiste méadaithe i mbaile Thiobraid Árann ó rinneadh an daonáireamh deiridh.

| 2016 | 2022 |
|---|---|
|  |  |





**Tá níos mó próifílí ceantair ina bhfuil daonra de níos lú ná 5,000 le fáil in Aguisín Uimh.2**


HOGWARTS
ANGERS SCO



08

## 8. Anailís deiridh

Fuair 36 réigiún laistigh den chontae maoiniú ón Scéim Deontais Club Óige Áitiúil ar fud Chontae Thiobraid Árann. Go dtí seo, is iad trí bhaile a fuair 29% den leithdháileadh, (an tAonach, Ros Cré agus Durlas = 64 leithdháileadh), ach ní bhfuair Cluain Meala, mar shampla, an baile is mó i gContae Thiobraid Árann (daonra de 14, 032) ach 12 leithdháileadh. Ní hionann sin agus a rá go bhfuil claonadh ann i dtreo ceantar áirithe chomh fada is a bhaineann le leithdháiltí SDCÓÁ, seachas sin b'fhéidir gur fianaise é ar an leibhéal de sholáthar óige atá bunaithe laistigh de réigiúin áirithe agus ar na grúpaí sin a rinne iarratas ar SDCÓÁ. Más mian le pleanáil BOO Thiobraid Árann amach anseo do sholáthar óige atá á stiúradh ag oibrithe deonacha ailíniú leis an déimeagrafach daonra, ansin d'fhéadfaí leithdháiltí agus tacaíochtaí réamh-mheasta don todhchaí a chomhordú le ceantair d'fhás nó dlús daonra, mar atá léirítear i léarscáil dlúis daonra Chomhairle Contae Thiobraid Árann, agus de réir an dá cheantar déag lonnaíochta (féach Aguisín a dó).

Lena chois sin, más mian le BOO Thiobraid Árann tacú le bunú clubanna óige agus grúpaí nua atá á stiúradh ag oibrithe deonacha, b'fhéidir go mbeadh gá freisin le tacaíocht ó eagraíochtaí náisiúnta obair don aos óg, cosúil le Foróige, Obair d'Ógra Éireann, srl. i ndáil le hoiliúint agus tacaíochtaí, mar aon le cúnamh ó chomhordaitheoir deonach nua tiomnaithe obair don aos óg, a d'fhéadfaí a cheapadh don chontae. Ba cheart d'aon fhorbairt ar chlubanna agus ar ghrúpaí aird a thabhairt ar an bpointe gur tugadh meath faoi deara ar líon na leanaí idir 0-4 bliana d'aois (díreach os cionn 6%) agus meath ar an aoischohórt idir 5-9 mbliana d'aois (meath 11%) ar fud an chontae, agus chomh maith leis sin, 'tuairiscíonn na heagraíochtaí obair don aos óg seo go bhfeidhmíonn srianta acmhainní mar bhacainn ar a gcumas láithreacht níos láidre a fhorbairt' laistigh de phobail (BOO Thiobraid Árann, 2021).

Chomh fada is a bhaineann leis na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí don Óige atá á Stiúradh ag Oibrithe Deonacha, agus go sonrach Caighdeán 3 in SDCÓÁ, eadhon Forbarthach agus oideachasúil, agus an ceanglas go gcinnteodh cláir, cleachtais agus daoine agus go dtacaíonn siad le forbairt, gnóthachtáil agus dul chun cinn daoine óga, tá naoi gceantar dhéag as an 36 ceantar a bhfuil SDCÓÁ faighte acu go dtí seo ag déileáil le leibhéal éigin de mhíbhuntáiste agus de dhíothacht. Ní hé déileáil le míbhuntáiste an phríomhaidhm atá le soláthar oibre don aos óg uilíoch mar shamhail luath-idirghabhála nó SDCÓÁ, ach tá grúpaí óige agus faighteoirí SDCÓÁ ag feidhmiú laistigh den chomhthéacs agus den déimeagrafach sin cheana.

Déantar cur síos i bPlean Obair don Óige BOO Thiobraid Árann (2020–2022) ar fhís don obair don aos óg i dTiobraid Árann mar 'chontae ina bhfuiltear ag tacú le, ag cur chun cinn agus ag obair ar mhaithe le freastal ar riachtanais daoine óga agus ar na daoine a sholáthraíonn freagairt obair don aos óg, ionas gur féidir le gach duine óg barr a c(h)umais a bhaint amach'. Dá réir sin, más mian le BOO Thiobraid Árann níos mó béime a leagan ar thacú le hobair uilíoch don óige/cláir luathidirghabhála laistigh de cheantair faoi mhíbhuntáiste agus ina bhfuil dlús daonra, ba cheart tús áite a thabhairt do na bailte seo a leanas; Cluain Meala, Carraig na Siúire, Ros Cré agus baile Thiobraid Árann faoi níos mó míbhuntáiste anois i gcomparáid leis an daonáireamh deireanach. D'fhéadfaí a áireamh sa soláthar seo atá á stiúradh ag oibrithe deonacha tacú le cláir oideachais neamhfhoirmiúla agus le gníomhaíochtaí próshóisialta eile. Ach b'fhéidir go n-éileodh an leibhéal soláthair seo tacaíocht ó earnálacha agus ó sheirbhísí eile freisin (reachtúil agus deonach araon).

Maidir le Caighdeán 1: Sábháilteacht agus folláine – Ba cheart go gcinnteodh agus go dtacódh cláir, cleachtais agus daoine le sábháilteacht, tacaíocht agus folláine daoine óga agus Caighdeán 2: Duine óg láraithe – Ba cheart go gcinnteodh cláir, cleachtais agus daoine agus go dtacóidís le rannpháirtíocht dheonach, ionchuimsiú agus guth daoine óga; léirítear i sonraí na POS (2022) go bhfuil cohóirt áirithe de dhaoine óga agus de mhionlaigh

eitneacha méadaithe sa chontae ó 2016. Ina measc seo tá cúramóirí óga (suas 29%), méadú i ndaonra an Lucht Siúil (suas 17%) agus méadú i líon na gcónaitheoirí ó lasmuigh den Stát (suas 2%); nithe a tharraing aird ar an ngá atá le cláir, clubanna nó seirbhísí óige comhtháite spriocdhírithe le haghaidh na gcohórt seo, chun pobail níos ionchuimsithí, níos comhtháite a chruthú i gContae Thiobraid Árann, agus chun níos mó deiseanna a thabhairt do dhaoine óga chun tairbhe a bhain as ionaid shóisialta dhearfacha. Pointe tábhachtach, áfach, is ea nach gcuimsítear i sonraí Daonáirimh faisnéis faoin líon Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta (ICInna), daoine atá in ionaid Soláthair Dhírigh agus/nó daoine atá páirteach sa phróiseas tearmainn nó dídine i ngach ceantar a bhainfeadh tairbhe as ionaid agus deiseanna próshóisialta chun comhtháthú ina bpobail trí chlubanna óige, grúpaí nó cláir oideachais neamhfhoirmiúla. Ní fios freisin, ó na sonraí atá ar fáil don taighdeoir, an leibhéal a bhfuiltear ag freastal ar na cohóirt seo laistigh den soláthar seirbhíse óige agus seirbhíse sóisialta reatha laistigh de Chontae Thiobraid Árann. Tá béim láidir á leagan i gcreat beartais nua, Éire Óg, na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ar chomhtháthú agus ar chomhionannas. Dá réir sin, teastaíonn leibhéal infheistíochta méadaithe chun tacú le comhtháthú na bpobal nua seo i gContae Thiobraid Árann agus chun pobail níos comhtháite, níos ionchuimsithí a chruthú laistigh den chontae; go háirithe, de bhrí gur tugadh méadú suntasach faoi deara ar fhorbairt an 'eitnealárnachais chosantaigh' (Mac Gréil, 1996), agus sa dearcadh frith-imirceach ar fud an Stáit (Gallagher, et.al., 2023).

Is léir ó thaighde atá le teacht ar riachtanais oibrithe óige atá ag obair le daoine óga i gContae Thiobraid Árann ar daoine LADTA+ iad (Monaghan and Mahon, 2023 i gcomhar le BOO Thiobraid Árann), agus an anailís a rinne BOO Thiobraid Árann ar riachtanais daoine óga in An Port Nua (2021) go raibh daoine óga LADTA+ sa chontae ag cuardach níos mó ionad sóisialta, 'spásanna sábháilte' agus deiseanna chun 'am a chaitheamh i gcomhluadar a chéile', 'a bheith ag bualadh lena chéile' agus le piaraí, dá réir sin, is réimse eile é seo a d'fhéadfaí a fhás agus a fhorbairt i ndáil le soláthar clubanna óige deonacha ar fud an chontae. Chomh maith leis sin, tarraingíodh aird ar an easpa ionad sóisialta do dhaoine faoi mhíchumas agus le riachtanais bhreise i dtuarascáil CSLDÓT Thiobraid Árann, Próifíl ar Sheirbhísí agus ar Bhearnaí i Soláthar Seirbhíse do Dhaoine Óga faoi Mhíchumas agus le Riachtanais Bhreise, faoi 25 bliain d'aois, agus a dTeaghlaigh i dTiobraid Árann (2020). Bhí na freagróirí a ghlac páirt sa staidéar seo den tuairim gur fearr le hógánaigh agus le haosaigh óga a bheith comhtháite i ngrúpaí sóisialta príomhshrutha seachas a bheith scartha lena chéile. Dá réir sin, moladh sa tuarascáil seo gur cheart go mbeadh 'Clubanna óga á n-eagrú agus á rith ag na daoine óga iad féin, agus go mbeidís á n-éascú ag daoine fásta'. Mar atá mínithe sa tuarascáil seo, taispeántar i ndaonáireamh 2022 go bhfuil líon na ndaoine óga idir 10-24 bliain d'aois i gContae Thiobraid Árann atá ag déileáil le riocht nó deacracht mharthanach, go pointe ar bith, cothrom le thart ar 9,338 duine. I ndeireadh na dála, is í fís Ár dTodhchaí Tuaithe: Beartas Forbartha Tuaithe (2021 – 2025), 'go mbeadh ceantar tuaithe na hÉireann ag bláthú, ceantar a bhfuil ról lárnach aige inár bhfolláine agus forbairt náisiúnta gheilleagrach, shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil'; dá réir sin, ba cheart go n-áireofaí i ngníomhartha ón gcéad Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta (ag leanúint ar aghaidh ó straitéis 2021-2025) eile na comhthéacsanna tuaithe sonracha chun oibrithe deonacha poitéinsiúla a spreagadh agus a threorú chun páirt a ghlacadh ina ngrúpa óige áitiúil nó chun tacú leo siúd ar mian leo grúpa nua a bhunú ina gcomharsanacht. Tríd an lionsa seo, d'fhéadfaí clubanna óige (nua nó seanbhunaithe) atá maoinithe ag BOO Thiobraid Árann a spreagadh agus tacú leo chun cabhrú le ceannairí óga páirt a ghlacadh laistigh dá bpobail féin agus grúpaí atá á stiúradh ag daoine óga a chruthú chun inbhuanaitheacht bailte agus sráidbhailte faoin tuath i dTiobraid Árann a éascú.

Éileoidh tuilleadh feabhsaithe tacaíochtaí do chlubanna agus do ghrúpaí óige atá á stiúradh ag oibrithe deonacha acmhainní breise ón státchiste lárnach agus ón RLCMLÓ chun tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh na gcostas breise a bhaineann le hobair don aos óg faoin tuath agus obair don aos óg faoin tuath a chur ar fáil do dhaoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu; mar shampla, infheistíocht i saoráidí tuaithe don aos óg; 'costais iompair do dhaoine óga atá ag taisteal chuig na suíomhanna obair don aos óg nó do ghníomhaíochtaí obair don aos óg,' (NYCI,2019) agus freisin leathanbhanda ar ardchaighdeán chun leibhéil níos fearr d'ionchuimsiú sóisialta agus de nascacht a chinntiú do dhaoine óga.

# Tagairtí


POS (2023). Daonáireamh 2022. www.CSO.ie

Davies, B. (2010). 'What do we mean by youth work', in Batsleer, J. agus Davies, B. (eagí.) What is youth work. Exeter: Sage Publications, pp. 1-6.

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (2023). Éire Óg. An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga. 2023 -2028. Ar fáil ag, www.gov.ie/equality

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (2023). Young peoples' perspectives on youth services Desk Review of Consultations with Young People.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, cad is obair don aos óg ann? http://www.dcya.

gov.ie/viewdoc.asp?fn=%2Fdocuments%2Fyouthaffairs%2Fwhatisyouthwork.htm&mn=youi&nID2.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2014). Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile. An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí & Daoine Óga (2014– 2020). Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais.

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (2021). Ár dTodhchaí Tuaithe: Beartas Forbartha Tuaithe 2021- 2025. Foilseacháin Rialtais. Baile Átha Cliath.

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (2021). An Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta 2021 – 2025.Foilseacháin Rialtais. Baile Átha Cliath.

Gallagher, A., O' Connor, C., & Viser, F. (2023). 'An Investigation into the Online Mis- and Disinformation Ecosystem in Ireland Report 1 of 3 Summary report. An Institiúid um Fhorbairt Straitéiseach. Ar fáil ag: https://www.isdglobal.org/isd-publications/uisce-faoi-thalamh-summary-report/

Mic-Léinn.

Mac Gréil, M. (1996). Prejudice in Ireland Revisited. An tAonad Suirbhé agus Taighde, OÉ Mhá Nuad. Cill Dara.

Mahon. M., & CNÓÉ (2023). Action Plan for Youth Services-Report on youth consultations 2023.

Mahon. M., & CNÓÉ (2023). Action Plan for Youth Services-Report on the youth worker &volunteer youth worker consultations-2023.

Monaghan, L., & Mahon.M. (i gcomhar le BOO Thiobraid Árann) (2023) Report on the needs of youth workers working with young people who identify as LGBTQ+ in County Tipperary.

CNÓÉ (2019). Youth Work in Rural Ireland. A qualitative research study exploring the provision of youth work in a rural context.

Innéacs Díothachta HP Pobal (2023). https://www.pobal.ie/pobal-hp-deprivation-index/

Swanton, D. (2020). Profile of Services and Gaps in Service Provision for Young People with Disabilities and Additional Needs, aged under 25, and their Families in Tipperary-Obair don Ógra Thiobraid Árann agus Coiste Seirbhísí na nDaoine Óga.

Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Thiobraid Árann (2022) Tipperary Children and Young People's Plan 2022-2025. Coiste. https://www.tipperarychildrenandyoungpeoplesservices.ie/

Comhairle Contae Thiobraid Árann (2023) -Socio Economic Highlights 2023.

Comhairle Contae Thiobraid Árann (2022) Plean Forbartha Contae nua Chontae Thiobraid Árann 2022 – 2028. Doiciméad eolais.

Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann (2021). Analysis of the needs of young people in Newport.

Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann (2020). Plean Oibre don Aos Óg Bhord OIdeachais agus Oiliúna Thiobraid Árann 2020 -2022

## Aguisín a haon

Liosta d'eagraíochtaí obair don óige atá ag tacú le Clubanna Óige/Grúpaí Aonfhoirmeacha i gCo. Thiobraid Árann

| Eagraíocht/soláthraí | Réigiún | Seoladh Ríomhphoist Teagmhála |
|---|---|---|
| **Foróige** | An Contae ar Fad | brid.canny@foroige.ie |
| **Briogáid na mBuachaillí** | Ros Cré | jennyweekes@boysbrigade.ie |
| **Girls Friendly Society** | An tAonach<br>Cloch Shiurdáin<br>Ros Cré | office@girlsfriendlysociety.ie |
| **Seirbhísí Óige Pobail Phort Láirge - Thiobraid Árann Theas** | Deisceart an Chontae | clubdevelopment@wstcys.ie |
| **Obair d'Ógra Éireann Thiobraid Árann** | An Contae ar Fad | 050423426<br>06352604 |
| **Banóglaigh Catoilici na hÉireann** | Carraig na Siúire | nicola@girlguidesireland.ie |
| **Banóglaigh na hÉireann** | An Lár-Oirthear | mwrdo@irishgirlguides.ie |
| | An tOirdheisceart | serdo@irishgirlguides.ie |
| **Cór Otharcharranna Ord Mhálta** | Durlas | ceo@orderofmalta.ie |
| **Cumann Gasóg na hÉireann** | An Contae ar Fad | ncollins@scouts.ie<br>pkelly@scouts.ie |


# Aguisín a dó

## 7. Caiseal

Is baile meánach agus faoi mhíbhuntáiste é baile Chaisil, agus tá ceantar faoi mhíbhuntáiste sa chúlchríoch freisin.

Tá cónaí ar 932 duine i gceantair faoi mhíbhuntáiste, 451 i gceantair faoi an-mhíbhuntáiste. Tá dhá cheantar bheaga faoi an-mhíbhuntáiste, níl aon cheantar faoi mhíbhuntáiste suntasach nó rachmasach.

Sa bhaile trí chéile, tá oideachas tríú leibhéal ag 29% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 9 agus 10%, i gceantair faoi mhíbhuntáiste, tá oideachas tríú leibhéal ag 19% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 13 agus 14%. I gceantar faoi an-mhíbhuntáiste, níl oideachas tríú leibhéal ach ag 12% agus tá an ráta dífhostaíochta i measc na bhfear cothrom le 14%.




**Ceantar bhaile Chaisil.**



Tá na ceantair faoi mhíbhuntáiste aibhsithe oráiste, agus éiríonn an dath oráiste níos dorcha de réir mar a mhéadaíonn an leibhéal míbhuntáiste.

**Baile na Cathrach trí chéile**

| | |
|---|---|
| Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 14.02% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 29.44% |
| Ráta Difhostaíochta- Mná 9.53% | Ráta Difhostaíochta- Fir 8.75% |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 32.01 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 36.90 |



| Ceantair Bheaga faoi Mhíbhuntáiste, le daonra de 932. | | Ceantair Bheaga faoi An-mhíbhuntáiste, le daonra de 451. | | |
|---|---|---|---|---|
| Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 26.61% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 18.63% | Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 32.40% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 12.45% | Níl aon cheantar faoi mhíbhuntáiste suntasach ná rachmasach laistigh den bhaile. |
| Ráta Difhostaíochta- Mná 13.47% | Ráta Difhostaíochta- Fir 13.52% | Ráta Difhostaíochta- Mná 14.64% | Ráta Difhostaíochta- Fir 14.06% | |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 40.44 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 44.24 | Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 52.08 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 46.14 | |

| 2016 | 2022 |
|---|---|
|  |  |





## 8. An Chathair


Tá daonra de 3,679 i mbaile na Cathrach.

Tá baile na Cathrach roinnte idir oirthear/iarthar ar shlí agus tá an taobh thoir níos rachmasaí. Tá cónaí ar 763 duine i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Tá trí cheantar bheaga faoi an-mhíbhuntáiste, níl aon cheantar faoi mhíbhuntáiste suntasach nó rachmasach.

Tá cónaí ar 2,916 duine i gceantair ar ceantair mheánacha iad.


Sa bhaile trí chéile, tá oideachas tríú leibhéal ag 28% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 8 agus 11%, i gceantair faoi mhíbhuntáiste, tá oideachas tríú leibhéal ag 18% den daonra agus tá na rátaí dífhostaíochta idir 14 agus 16%.




**Ceantar bhaile na Cathrach**

**Baile na Cathrach trí chéile**


| | |
|---|---|
| Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 12.10% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 27.79% |
| Ráta Dífhostaíochta- Mná 7.50% | Ráta Dífhostaíochta- Fir 10.96% |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 20.98 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 34.33 |



| Ceantair Bheaga faoi Mhíbhuntáiste, le daonra de 763. | | Ceantair atá os cionn agus faoin meán, le daonra de 2,916. | | Níl aon cheantar faoi mhíbhuntáiste suntasach ná rachmasach laistigh den bhaile. |
|---|---|---|---|---|
| Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 15.94% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 18.24% | Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 11.06% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 30.39% | |
| Ráta Dífhostaíochta- Mná 14.22% | Ráta Dífhostaíochta- Fir 16.19% | Ráta Dífhostaíochta- Mná 5.66% | Ráta Dífhostaíochta- Fir 9.53% | |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 31.91 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 35.99 | Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 18.00 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 33.88 | |


## 9.Fiodh Ard

Tá daonra de 1,738 i bhFiodh Ard, atá measctha, meánach agus faoi mhíbhuntáiste.





| | |
|---|---|
| Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 14.47% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 25.13% |
| Ráta Dífhostaíochta- Mná 10.23% | Ráta Dífhostaíochta- Fir 12.75% |
| Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 28.50 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 36.88 |

**Anailís ar phróifíl cheantair bhig (PCB) ar Fhiodh Ard**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Daonra Iomlán 490 | Céatadán d'Oideachas Bunscoile Amháin 19.93% | Céatadán d'Oideachas Tríú Leibhéal 14.93% |  | Tá dhá cheantar bheaga faoi mhíbhuntáiste le daonra de 490, agus tá an ráta dífhostaíochta i measc na bhfear cothrom le níos mó ná 17%. |
| Innéacsanna Díothachta HP<br>CB: 217175004<br>Faoi Mhíbhuntáiste<br>Scór: -17.34<br>CB:217143004<br>Faoi Mhíbhuntáiste<br>Scór: -16.42 | Ráta Dífhostaíochta- Mná 10.71% | Ráta Dífhostaíochta- Fir 17.21% | | |
| | Cleithiúnas Tuismitheora Aonair 37.50 | Cóimheas Aoise is Cleithiúnais 34.88 | | |


## 10.Ard Fhíonáin

Tá daonra de 656 ag Ard Fhíonáin, agus tá 181 den daonra ag cónaí i gceantar faoi mhíbhuntáiste.





## 11.Béal Átha Póirín/Sceichín an Rince

Is cuid de bhaile fearainn níos mó é Béal Átha Póirín/Sceichín an Rince ina bhfuil daonra de 389. Ní féidir linn an daonra sonrach a oibriú amach, de bhrí gur cuid de cheantar beag níos leithne é. Tá an ceantar seo beagán os cionn an mheáin.




## 12.Buiríos Uí Chéin

Tá daonra de 1,117 i mBuiríos Uí Chéin, agus is baile beag faoi mhíbhuntáiste atá ann den chuid is mó, agus tá cónaí ar 774 den daonra i gceantair faoi mhíbhuntáiste.





## 13.Buiríos Ó Luigheach

Tá daonra de 724 i mBuiríos Ó Luigheach. Tá formhór an cheantair beagán faoi bhun an mheáin, agus tá cónaí ar 255 duine i gceantar faoi mhíbhuntáiste.



## 14.An Cheapach


Tá daonra de 403 in An Cheapach, tá 267 ina gcónaí i gceantar faoi mhíbhuntáiste.




## 15.Baile Uí Chléireacháin


Is sráidbhaile beag é Baile Uí Chléireacháin ina bhfuil daonra de thart ar 830 agus a bhfuil ceantair atá réasúnta rachmasach mórthimpeall air.

Is ceantar rachmasach é leath den sráidbhaile, le daonra de 416. Sa cheantar seo, tá oideachas tríú leibhéal ag breis is 40% agus tá an ráta dífhostaíochta i measc na bhfear faoi 4%. Tríd is tríd, tá an ráta fostaíochta i measc na bhfear sa cheantar seo an-íseal, faoi 3%.





## 16. Cluain Mhór

Is cuid de bhaile fearainn níos mó é Cluain Mhór, ina bhfuil an daonra cothrom le 230. Ní féidir linn an daonra sonrach a oibriú amach, de bhrí gur cuid de cheantar beag níos leithne é. Tá an ceantar seo beagán faoin meán.




## 17.Cluain Abhla/An Ros Mór

Is cuid de bhaile fearainn níos mó é Cluain Mhór/An Ros Mór, ina bhfuil an daonra cothrom le 370. Ní féidir linn an daonra sonrach a oibriú amach, de bhrí gur cuid de cheantar beag níos leithne é. Tá an ceantar seo beagán faoin meán.





## 18.Cloch Shiurdáin

Is cuid de bhaile fearainn níos mó é Cluain Mhór/An Ros Mór, ina bhfuil an daonra cothrom le 370. Ní féidir linn an daonra sonrach a oibriú amach, de bhrí gur cuid de cheantar beag níos leithne é. Tá an ceantar seo beagán faoin meán.





## 18.Cloch Shiurdáin

Is sráidbhaile beag é Cloch Shiurdáin, ina bhfuil daonra de 701, gan aon cheantar faoi mhíbhuntáiste agus le scór foriomlán atá beagán os cionn agus faoin meán.




## An Drom

Is cuid de bhaile fearainn níos mó é An Drom, le daonra de 296. Ní féidir linn an daonra sonrach a oibriú amach, de bhrí gur cuid de cheantar beag níos leithne é. Tá an ceantar seo beagán os cionn an mheáin.





## 21.An Drom Bán

Is cuid de bhaile fearainn níos mó é An Drom Bán, le daonra de 191. Ní féidir linn an daonra sonrach a oibriú amach, de bhrí gur cuid de cheantar beag níos leithne é. Tá an ceantar seo beagán faoin meán.





## 27. Mainistir na Croiche

Is ceantar beag é Mainistir na Croiche ina bhfuil daonra de 310, atá beagán os cionn an mheáin.




## 19. An Inse

Is cuid de bhaile fearainn níos mó é An Inse, le daonra de 407. Ní féidir linn an daonra sonrach a oibriú amach, de bhrí gur cuid de cheantar beag níos leithne é. Tá an ceantar seo beagán faoin meán.





## 24. Cill Náile

Tá daonra de 755 i gCill Náile; tá cónaí ar 448 den daonra i gceantair faoi mhíbhuntáiste, lena náirítear 184 i gceantar faoi an-mhíbhuntáiste.





## 25. Cill Osta

Is cuid de bhaile fearainn níos mó é Cill Osta, le daonra de 299. Ní féidir linn an daonra sonrach a oibriú amach, de bhrí gur cuid de cheantar beag níos leithne é. Tá an ceantar seo beagán os cionn an mheáin.



## 26.Cill Síoláin

Is sráidbhaile beag é Cill Síoláin ina bhfuil daonra de 837, daoine atá ina gcónaí i gceantar atá meánach i dtéarmaí rachmais/díothachta. Tá an baile beagán faoin meán, agus tá an cúlchríoch beagán os cionn an mheáin.









## 27. Laitean

Is cuid de bhaile fearainn níos mó é Laitean, le daonra de 251. Ní féidir linn an daonra sonrach a oibriú amach, de bhrí gur cuid de cheantar beag níos leithne é. Tá an ceantar seo beagán os cionn an mheáin.




## 28. An Baile Beag

Is sráidbhaile é An Baile Beag ina bhfuil daonra de 414. Tá cónaí ar 230 duine i gceantar faoi anmhíbhuntáiste agus tá na daoine eile ina gcónaí i gceantar faoi mhíbhuntáiste.





## 29. An Mhaighean

Is cuid de bhaile fearainn níos mó é An Mhaighean, le daonra de 372. Ní féidir linn an daonra sonrach a oibriú amach, de bhrí gur cuid de cheantar beag níos leithne é. Tá an ceantar seo beagán os cionn an mheáin.





## 30. An Port Nua

Is sráidbhaile beag é An Port Nua le daonra de 2,183. Tá seacht gceantar bheaga ann. Is ceantar beag faoi mhíbhuntáiste é ceann de na ceantair bheaga, le daonra de 283.




Próifíl ceantair bhig faoi mhíbhuntáiste in An Port Nua- daonra 283.




## 31.An Caisleán Nua

Tá daonra de 351 sa Caisleán Nua agus tá sé beagán faoi bhun an mheáin.





## 32. An Port Rua

Is sráidbhaile le daonra de 459 é An Port Nua; tá cónaí ar 256 duine i gceantar faoi mhíbhuntáiste agus tá cónaí ar na daoine eile i gceantar atá beagán faoin meán.




## 33. Teampall Doire

Is cuid de bhaile fearainn níos leithne é Teampall Doire, le daonra de 268. Ní féidir linn an daonra sonrach a oibriú amach, de bhrí gur cuid de cheantar beag níos leithne é. Tá an ceantar seo beagán os cionn an mheáin.




## 34. Teampall Tuaithe

Is sráidbhaile beag é Teampall Tuaithe le daoine de 249, agus is ceantar faoi mhíbhuntáiste é.




## 35. An Teampall Uachtarach


Is cuid de bhaile fearainn níos mó é An Teampall Uachtarach, le daonra de 311. Ní féidir linn an daonra sonrach a oibriú amach, de bhrí gur cuid de cheantar beag níos leithne é. Tá an ceantar seo beagán os cionn an mheáin.



# Aguisín a Trí

## Ceantair uirbeacha - Na 12 Lonnaíocht i dTiobraid Árann ina bhfuil daonra níos mó ná 1,500 ag leibhéal TR.

### Béal an Átha





| Inscne (C 2022) | |
|---|---|
| Fir | 1,419 |
| Mná | 1,540 |

| Aoisghrúpaí (C 2022) | |
|---|---|
| 0 17 mbliana | 837 |
| 18 64 bliain | 1,793 |
| 65+ bliain | 329 |

| Dáileadh Aoise (C 2022) | |
|---|---|
| 0-9 mbliana | 393 |
| 10-19 mbliana | 537 |
| 20-29 bliain | 233 |
| 30 39 bliain | 333 |
| 40-49 bliain | 534 |
| 50-59 bliain | 477 |
| 60-69 bliain | 232 |
| 70-79 bliain | 153 |
| 80+ bliain | 67 |

| Tír Bhreithe (C 2022) | |
|---|---|
| Éire | 2,395 |
| Tír eile | 564 |

### An Chathair





| Inscne (C 2022) | |
|---|---|
| Fir | 1,875 |
| Mná | 1,804 |

| Aoisghrúpaí (C 2022) | |
|---|---|
| 0-17 mbliana | 819 |
| 18 64 bliain | 2,307 |
| 65+ bliain | 553 |

| Dáileadh Aoise (C 2022) | |
|---|---|
| 0-9 mbliana | 424 |
| 10-19 mbliana | 478 |
| 20-29 bliain | 406 |
| 30 39 bliain | 570 |
| 40-49 bliain | 563 |
| 50-59 bliain | 462 |
| 60 69 bliain | 368 |
| 70-79 bliain | 249 |
| 80+ bliain | 159 |

| Tír Bhreithe (C 2022) | |
|---|---|
| Éire | 2,438 |
| Tír eile | 1,241 |

## Carraig na Siúire





| Inscne (C 2022) | |
|---|---|
| Fir | 2,864 |
| Mná | 2,888 |

| Aoisghrúpaí (C 2022) | |
|---|---|
| 0-17 mbliana | 1,262 |
| 18-64 bliain | 3,368 |
| 65+ bliain | 1,122 |

| Dáileadh Aoise (C 2022) | |
|---|---|
| 0-9 mbliana | 651 |
| 10-19 mbliana | 752 |
| 20-29 bliain | 618 |
| 30-39 bliain | 669 |
| 40-49 bliain | 812 |
| 50-59 bliain | 755 |
| 60-69 bliain | 714 |
| 70-79 bliain | 522 |
| 80+ bliain | 259 |

| Tír Bhreithe (C 2022) | |
|---|---|
| Éire | 4,888 |
| Tír eile | 864 |

## Caiseal





| Inscne (C 2022) | |
|---|---|
| Fir | 2,270 |
| Mná | 2,535 |

| Aoisghrúpaí (C 2022) | |
|---|---|
| 0-17 mbliana | 1,248 |
| 18-64 bliain | 2,886 |
| 65+ bliain | 671 |


| Dáileadh Aoise (C 2022) | |
|---|---|
| 0-9 mbliana | 693 |
| 10-19 mbliana | 665 |
| 20-29 bliain | 521 |
| 30-39 bliain | 718 |
| 40-49 bliain | 716 |
| 50-59 bliain | 601 |
| 60-69 bliain | 428 |
| 70-79 bliain | 292 |
| 80+ bliain | 171 |

| Tír Bhreithe (C 2022) | |
|---|---|
| Éire | 3,565 |
| Tír eile | 1,240 |


## Cluain Meala




## Fiodh Ard



## An Port Nua





| Gender (C 2022) | |
|---|---|
| Males | 1,061 |
| Females | 1,122 |

| Age Groups (C 2022) | |
|---|---|
| 0-17 years | 689 |
| 18-64 years | 1,282 |
| 65+ years | 212 |

| Age Distribution (C 2022) | |
|---|---|
| 0-9 years | 325 |
| 10-19 years | 434 |
| 20-29 years | 177 |
| 30-39 years | 296 |
| 40-49 years | 440 |
| 50-59 years | 227 |
| 60-69 years | 141 |
| 70-79 years | 115 |
| 80+ years | 28 |

## Ros Cré





| Inscne (C 2022) | |
|---|---|
| Fir | 2,766 |
| Mná | 2,776 |

| Aoisghrúpaí (C 2022) | |
|---|---|
| 0-17 mbliana | 1,416 |
| 18-64 bliain | 3,309 |
| 65+ bliain | 817 |


| Dáileadh Aoise (C 2022) | |
|---|---|
| 0-9 mbliana | 754 |
| 10-19 mbliana | 801 |
| 20-29 bliain | 649 |
| 30-39 bliain | 757 |
| 40-49 bliain | 840 |
| 50-59 bliain | 665 |
| 60-69 bliain | 498 |
| 70-79 bliain | 348 |
| 80+ bliain | 230 |

| Tír Bhreithe (C 2022) | |
|---|---|
| Éire | 4,338 |
| Tír eile | 1,204 |


## An Teampall Mór




## Durlas



## Tiobraid Árann





| Inscne (C 2022) | |
|---|---|
| Fir | 2,618 |
| Mná | 2,769 |

| Aoisghrúpaí (C 2022) | |
|---|---|
| 0-17 mbliana | 1,221 |
| 18-64 bliain | 3,216 |
| 65+ bliain | 950 |

| Dáileadh Aoise (C 2022) | |
|---|---|
| 0-9 mbliana | 655 |
| 10-19 mbliana | 686 |
| 20-29 bliain | 555 |
| 30-39 bliain | 771 |
| 40-49 bliain | 789 |
| 50-59 bliain | 632 |
| 60-69 bliain | 664 |
| 70-79 bliain | 412 |
| 80+ bliain | 223 |

| Tír Bhreithe (C 2022) | |
|---|---|
| Éire | 4,191 |
| Tír eile | 1,196 |

## An tAonach




| Inscne (C 2022) | |
|---|---|
| Fir | 4,816 |
| Mná | 5,079 |

| Aoisghrúpaí (C 2022) | |
|---|---|
| 0-17 mbliana | 2,429 |
| 18-64 bliain | 6,043 |
| 65+ bliain | 1,423 |

| Dáileadh Aoise (C 2022) | |
|---|---|
| 0-9 mbliana | 1,327 |
| 10-19 mbliana | 1,310 |
| 20-29 bliain | 1,048 |
| 30-39 bliain | 1,544 |
| 40-49 bliain | 1,653 |
| 50-59 bliain | 1,127 |
| 60-69 bliain | 856 |
| 70-79 bliain | 624 |
| 80+ bliain | 406 |

| Tír Bhreithe (C 2022) | |
|---|---|
| Éire | 7,070 |
| Tír eile | 2,825 |

# Aguisín a Ceathair

LIOSTA FIGIÚIRÍ


Fíor 1: Eisíocaíocht gheografach réigiúin SDCÓÁ 2018 18

Fíor 2: Eisíocaíocht gheografach réigiúin SDCÓÁ 2021 19

Fíor 3: Eisíocaíocht gheografach réigiúin SDCÓÁ 2023 20

Fíor 4: Miondealú ar fhaighteoirí iomlána grúpa óige SDCÓÁ (2018 - 2023) de réir na catagóire. Grúpaí éide / Neamhspleách / Creideamh / Cleamhnaithe le hEagraíocht Obair don Óige 22

Fíor 5: Líon iomlán na ndaoine óga (idir 10 -21 bliain d'aois) a bhfuil baint acu le faighteoirí SDCÓÁ 2018 -2023. 23

Fíor 6: Fíor 6: Líon iomlán na ndaoine óga (idir 10-21 bliain d'aois) a bhfuil baint acu le faighteoirí SDCÓÁ de réir an aoisghrúpa, 2018 -2023 23

Fíor 7: Líon na n-oibrithe deonacha a bhfuil baint acu le faighteoirí SDCÓÁ 2018-2023 de réir aoisghrúpa. 24

Fíor 8: Líon na n-oibrithe deonacha fireanna a bhfuil baint acu le faighteoirí SDCÓÁ 2018-2023 de réir aoisghrúpa 24

Fíor 9: Líon na n-oibrithe deonacha baineanna a bhfuil baint acu le faighteoirí SDCÓÁ 2018-2023 de réir aoisghrúpa 25

Fíor 10: Dlús an daonra ag leibhéal Toghroinne (TR) bunaithe ar réamhshonraí dhaonáireamh 2022 ©Comhairle Contae Thiobraid Árann. 28

Fíor 11: Fíor 11: Próifíl Shochdhéimeagrafach Chontae Thiobraid Árann i gcomhthéacs náisiúnta 29

Fíor 12: Athruithe ar an daonra ag leibhéal Toghroinne (TR) bunaithe ar réamhshonraí ó dhaonáireamh 2022.©Comhairle Contae Thiobraid Árann 30

Fíor 13: Dáileadh aoise i gContae Thiobraid Árann21 31


LIOSTA TÁBLAÍ


Tábla 1: Réigiúin faighteora SDCÓÁ BOO Thiobraid Árann 2018-2023 7

Tábla 2: Dáileadh SDCÓÁ ar fud Chontae Thiobraid Árann. 10

Tábla 3: Forléargas ar an daonra bunaithe de réir aoise agus inscne, daonáirimh 2022 & 2016 32

Tábla 4: Líon daoine óga (10-24), daonáireamh 2022 & 2016 33

Tábla 5: Próifíl den daonra a bhfuil gnáthchónaí air i gContae Thiobraid Árann bunaithe ar chúlra eitneach nó cultúrtha 33

Tábla 6: Daoine idir 10 –24 bliain d'aois atá ag déileáil le riocht nó deacracht mharthanach ag aon leibhéal 33

Tábla 7: Innéacsanna Díothachta HP Pobal 37